

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Bhus Átha Cliath 2020



Éire á hlompar chuig Saol Inbhuanaithe

Ag freastal ar an gcathair



73 tír: Is ó thíortha seachas Éire iad **21%** dár bhfostaithe



Rinneamar infheistíocht €15.2 milliún san iosta nua tá againn sa Chloch Leathan, áit a mbíonn **100** bus agus **300** ball foirne




Shíníomar an **Gealltanais Ísealcharbóin** de chuid *Business in the Community Ireland*




Chuireamar **cosc** ar phlaistigh aonúsáide



74 bus hibrídeach eile ceannaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair



Ghlacamar páirt sa **chéad triail bus hidrigine** a rinneadh riamh in Éirinn




117 bealach lena n-áirítear **15** bhealach ardmhinicíochta a ghabhann trasna na cathrach



In 2020 rinneadh ár **3ú** seirbhís 24 uair an chloig de Bhealach 39a



Soláthraíodh 45 milliún aistear riachtanach ó Mhárta 2020



Glanadh feabhsaithe á dhéanamh ar na busanna ag **23** mol ar fud na cathrach agus nuair a fhilléann na busanna ar na hiostaí i rith an lae



50,000 comhartha suíochán feistithe ar an bhflít feithiclí – ag meabhrú do chustaiméirí coinneáil siar óna chéile



7,500 comhartha ar taispeáint ar bord – chun moladh do dhaoine an doras láir a úsáid ar fhágáil an bhus dóibh agus meabhrú dóibh clúdach aghaidhe a chaitheamh, agus chun uaslíon na bpaisinéirí a shonrú

Torthaí Airgeadais agus Oibriúcháin



Líon na bhfostaithe

2020: 3,573
2019: 3,475



Ioncam Oibriúcháin

2020: €125.1 milliún
2019: €263.0 milliún



Barrachas/ Easnamh OSP

2020: €1.1 milliún
2019: €4.2 milliún



Seirbhísí Tráchtála – (easnamh)/barrachas

2020: (€11.0 milliún)
2019: €5.6 milliún



Líon na n-aistear a rinne custaiméirí

2020: 69.4 milliún
2019: 141.8 milliún



Busanna sa fhlít

2020: 994
2019: 1,018



Líon na gCiliméadar a clúdaíodh

2020: 54 milliún
2019: 55 milliún

Clár na nÁbhar

Ráiteas an Chathaoirligh	XX	Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	XX
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	XX	Tuarascáil na nIníochóirí Neamhspleácha	XX
An Cuspóir atá Againn	XX	Cuntas Brabúis agus Cailteanais	XX
Feidhmíocht	XX	Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach Iomlán	XX
Ár gcuid Fostaithe	XX	Clár Comhardaithe	XX
Beathaisnéisí na Foirne Ardcheannaireachta	XX	Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna	XX
Beathaisnéisí na Stiúrthóirí	XX	Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	XX
Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile	XX	Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	XX
Tuarascáil na Stiúrthóirí	XX		
Ráiteas um Rialú Inmheánach	XX		

Ráiteas ón gCathaoirleach



Is iontach go deo iad an díograis atá ag ár bhfostaithe agus an teacht aniar atá iontu, agus níl amhras ar bith ann ach go léiríonn na tréithe a dtiomantas dár gcustaiméirí agus do na pobail a ndéanaimid freastal orthu.

Sa lá atá inniu ann, bíonn Bus Átha Cliath, cosúil le gach gnó eile, ag feidhmiú i ndomhan ar thug COVID-19 a dhúshlán. Léirigh an phaindéim chomh luachmhar is atá sé do chuideachtaí saineolas oibríochta a bheith acu, pleanáil don fhadtréimhse, agus rioscaí a aithint sula dtagann siad chun cinn. Anseo i mBus Átha Cliath tá glactha againn leis an gcur chuige sin le fada agus bhí a éifeacht sin le sonrú sa chumas atá againn oiriúnú go tapa agus go héifeachtach don phaindéim.

Anuraidh, d'iompraíomar 69.4 milliún custaiméir go dtí a gceann scríbe agus abhaile slán sábháilte. Ó mhí an Mhárta 2020 ar aghaidh chuireamar 45 milliún aistear riachtanach ar fáil. Áiríodh leis sin réitigh nuálacha a sholáthar amhail seirbhís tointeála d'fhostaithe Ospidéal an Mater. Léirigh Bus Átha Cliath solúbthacht agus teacht aniar tráth ar cuireadh a dhúshlán go tréan. Tá cultúr sábháilteachta mar bhonn agus taca lenár gcur chuige réamhghníomhach, rud a chinntigh go mbíonn na daoine a dhéanann aistear riachtanacha agus ár 3,573 fostaí slán sábháilte.

Mar Chathaoirleach, ba mhaith liom ár mbuíochas a ghabháil as tiomantas, tacaíocht agus gairmiúlacht ár bhfostaithe, na gceardchumann, an Údarás Náisiúnta Iompair agus an Rialtais. Murach iadsan go léir, ní bheimis in ann seirbhís leanúnach a sholáthar d'oibríthe riachtanacha agus dár gcustaiméirí go léir trí gach céim den phaindéim seo. Is iontach go deo iad an díograis atá ag ár bhfostaithe agus an teacht aniar atá iontu, agus níl amhras ar bith ann ach go léiríonn na tréithe a dtiomantas dár gcustaiméirí agus do na pobail a ndéanaimid freastal orthu.

Laghdaigh COVID-19 líon na n-aistear a rinne custaiméirí de 51%. Ioncam €125.1 milliún a rinneadh ó chustaiméirí i leith na bliana i gcomparáid le €263.0 milliún in 2019. Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair maidir le maoiniú breise a sholáthar lena chinntiú go leanfaí le seirbhísí iompair phoiblí in ainneoin laghdú mór a bheith tagtha ar an ioncam ó tháillí.

Feabhas a chur ar na Seirbhísí i mBaile Átha Cliath

Thug an phaindéim léargas dúinn ar na deiseanna atá le tapú sa chathair. Leis an timpeallacht oibriúcháin is fearr is féidir, is féidir linn seirbhísí bus tapa, minice, poncúla agus iontaoifa a bheith againn go lár na cathrach. Tráth a raibh níos lú carranna ar an mbóthar le linn na dianghlasála, laghdaigh an t-achar ama a thóg aistear Bhus Átha Cliath, agus níor thóg sé an oiread ama ar oibríthe riachtanacha dul chuig a gceann scríbe. Tá léargas faighte anois againn ar chathair ina dtugtar tús áite d'úsáideoirí bus, do choisithe agus do rothaithe. Beidh saoirse gluaiseachta ina toradh air sin, agus rogha ó thaobh cóir iompair agus an bus ina gcuid de sin.

Chonaiceamar an chuma atá ar Bhaile Átha Cliath gan plódú agus tá a fhios againn anois cén chuma a bhíonn ar an gcathair le níos mó spáis inti do dhaoine agus do ghnólachtaí. Mar Chathaoirleach ar an gcuideachta iompair phoiblí is mó in Éirinn, creidim nach é amháin gur féidir cur chuige difriúil a ghlacadh ach nach mór dúinn é sin a dhéanamh má táimid chun cathair agus tír agus seirbhís iompair a bheith againn



a bheidh inbhuanaithe i ndáiríre. Seachas COVID-19, is iad an plódú agus na dúshláin aeráide na rioscaí is suntasaí i dtaobh dul chun cinn eacnamaíoch agus soghluaisteacht shóisialta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Cé go bhféadfadh go leor daoine aird a dhíriú ar an athrú ar na patrúin oibre agus taistil mar gheall ar COVID-19, creideann Bus Átha Cliath gur cheart go bhféadfaí éileamh na gcustaiméirí a thuar, a chothú agus freastal air trí bhonneagar poiblí a thógáil agus cur leis na seirbhísí iompair phoiblí atá ar fáil. Ag druidim le deireadh na bliana seo caite, thug Bus Átha Cliath pacáiste nua seirbhísí isteach: seirbhís nua 24/7 eile ar Bhealach 39a agus os cionn 800 seirbhís bhreise ar fud 7 mbealach. A bhúiochas leis an infheistíocht sin san iompar poiblí inbhuanaithe, tá borradh tagtha faoin bhfostaíocht sa chuideachta freisin, agus cruthaíodh 80 post nua san iomlán do thiománaithe agus meicneoirí.

Cuireann na feabhsuithe sin go mór leis na seirbhísí iompair phoiblí inbhuanaithe sa príomhchathair agus muid ag iarraidh an geilleagar ciorclach, inbhuanaithe a choinneáil ag gluaiseacht. Táimid ag cuidiú le leas iomlán a bhaint as geilleagar beoga 24 uair an chloig Bhaile Átha Cliath, geilleagar a bhfuil borradh faoi, agus seirbhísí iompair a chur ar fáil go luath ar maidin do na comaitéirí a bhíonn ag triall ar lár na cathrach, rud a chuidíonn arís eile saoirse gluaiseachta a chothú agus breis roghanna a fhágáil ag na custaiméirí.

Is tosaíocht freisin é infheistíocht a dhéanamh in áiseanna agus i mbonneagar chun tacú leis an bhflít feithiclí. Is cuid rithábhachtach dár mbeartas i dtaobh seirbhísí iompair i mBaile Átha Cliath é an t-athchóiriú a rinneadh ar an iosta sa Chloch Leathan. Tá athfhorbairt an iosta ina cuid de straitéis fáis fhadtéarmach na cuideachta agus í ag ullmhú don am atá le teacht agus ag obair chun príomhchathair Eorpach níos inbhuanaithe a chruthú. Is cúis bhróid ag iosta na Cloiche Leithne é a bheith fós ina mhórfhostóir sa cheantar agus tá sé fós leabaithe sa phobal, agus é ag tógáil ar an gceangal sin trí oidhreacht an fhoirgnimh a chaomhnú.

Ag Tacú lenár nDaoine

Tá an chuideachta tiomanta do bheith ina fostóir a bhfuil meas ag an lucht saothair uirthi, an comhionannas a chur chun cinn, freastal ar éagsúlacht, agus neamh-idirdhealú a chinntiú dár bhfostaithe agus dár gcustaiméirí araon. Is iad ár ndaoine an tsócmhainn is mó atá againn. Chonaiceamar an méid sin go háirithe le linn na paindéime COVID-19 nuair a rinne siad gaisce chun freastal ar na custaiméirí tráth a raibh géarghá leo.

Ghlac Bus Átha Cliath buíochas lena fhórsa oibre, dream dícheallach, éagsúil. Gabhaimid buíochas leo arís anois as an iarracht bhreise a rinne na fostaithe i mbliana chun an chathair a choinneáil ag gluaiseacht agus chun a chinntiú go n-éiríonn le hoibrithe túslíne eile dul chun na hoibre agus ar ais abhaile. D'aithníomar an t-éacht sin trí rapar speisialta a chur ar bhus, rapar a léiríonn bratacha 73 tír, na tíortha as a dtagann fostaithe Bus Átha Cliath.

Féachann Bus Átha Cliath i gcónaí le cultúr oibre a bheith aige a chothaíonn seirbhís do chustaiméirí, tacaíocht don phobal, obair foirne agus cuimsitheacht agus lena ndéantar ceiliúradh ar an éagsúlacht. Leis sin, cinntítear gur soláthraí seirbhíse poiblí muid i ndáiríre, agus fostóir a dhéanann ionadaíocht ar na pobail a bhfreastalaíonn sé orthu. Tá sé tábhachtach go mbraitheann muintir an phobail go bhfuil fáilte rompu agus go bhfuil siad slán sábháilte ar ár seirbhísí agus ní ghlacfaimid le haon chineál iompair lena ndéantar iarracht baint den fháilte roimh chách.

Dul chun cinn a dhéanamh

Agus é ag feidhmiú i dtimpeallacht atá lán-iomaíoch, tá meon dearfach ag Bus Átha Cliath i leith na mblianta atá le teacht agus i leith an chumais atá aige cur leis na seirbhísí poiblí agus na seirbhísí tráchtála. Cé go bhfuil go leor dúshlán romhainn, is féidir leis an gcuideachta muinín a bheith aici as a cumas dul i ngleic le gach ceann acu lena chinntiú go mbeidh sí fós ina cuid lárnach den soláthar iompair phoiblí i mBaile Átha Cliath.

Agus muid ag teacht chugainn féin ó COVID-19, beidh an bus uirbeach fós ar an gcóir iompair phoiblí inbhuanaithe is mó i mBaile Átha Cliath ar feadh i bhfad. I mí Mheán Fómhair 2020, d'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair plean ghréasán BusConnects do Bhaile Átha Cliath. Táimid ag tnúth le tosú ag cur an tionscadail sin i bhfeidhm in 2021. Tá sé beartaithe infheistíocht €2 bhilliún a dhéanamh sa chóras bus uirbeach, rud a léiríonn muinín asainne agus as ár gcustaiméirí dílse.

Creideann Bus Átha Cliath go mbeidh BusConnects thar a bheith nuálach agus, an tráth céanna, go spreagfaidh sé borradh faoin athnuachan eacnamaíoch agus faoin ngníomhaíocht ar son na haeráide. Beidh an deis le tapú freisin cur leis an leibhéal iontaofachta, an t-achar ama a thógann aistir a laghdú, agus eispéireas an chustaiméara a fheabhsú tuilleadh.

Agus muid ag machnamh ar dhúshlán agus éachtaí na bliana 2020, tá a fhios agam gur féidir linn cloí leis na gealltanais a rinneamar le custaiméirí agus páirtithe leasmhara trínár bhfórsa saothair luachmhar, agus go háirithe ár bhfostaithe túslíne.

Ba mhaith liom an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus a Fhoireann Ardcheannaireachta a mholadh – le bliain anuas, tá freagra Bhus Átha Cliath ar COVID-19 á stiúradh acu agus chomhlíon siad ár dtiomantas do shábháilteacht, cáilíocht, iontaofacht agus inbhuanaitheacht agus do na pobail a ndéanaimid freastal orthu a chosaint.

Thar ceann an Bhoird agus ar mo shon féin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lenar scairshealbhóir, Eamon Ryan, an tAire Iompair, Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus leis na hoifigigh óna Roinn as ucht a dtacaíochta le linn 2020. Is mór an onóir dom é gur ainmnigh an tAire arís mé in 2021 mar Chathaoirleach ar bhord Bus Átha Cliath.

Scríobh J.R.R. Tolkien go mbíonn teacht ar an misneach in áiteanna nach mbeadh súil agat leis, agus le bliain anuas léirigh ár gcomhghleacaithe fírinne an ráitis sin. Táimid fíor-bhuíoch díobh.



Ultan Courtney
Cathaoirleach



Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh



Leanfaimid orainn ag oiriúnú agus ag athrú, ag teacht le luas na cathrach, ag nascadh pobail nua le bealaí nua, busanna nua agus teicneolaíochtaí nua. Mar gheall ar ár bhflít feithiclí íseal-astaíochtaí, ár dtionscnaimh inbhuanaitheachta agus ár n-infheistíochtaí sna hiostaí táimid réidh chun freastal ar riachtanais iompair Bhaile Átha Cliath anois agus feasta.

In 2020, thug Bus Átha Cliath aghaidh ar athruithe suntasacha agus dúshlán airgeadais agus lóistíochta a ghabhann le COVID-19, agus chuamar in oiriúint dóibh. Ní raibh ár dtionchar agus ár ról mar sholáthraí iompair phoiblí riamh níos tábhachtaí chun cuidiú leis an tír freagairt do COVID-19 agus tacú le hoibríthe túslíne agus an obair thábhachtach a bhí ar bun acu. Is freagracht é sin a bhfuilimid an-dáiríre faoi.

Le linn na paindéime seo dhíríomar an gnó ar sheirbhísí iompair phoiblí iontaofa ar ardchaighdeán dóibh siúd is mó a bhfuil gá acu leo. Chinntigh ár bPlean Freagartha gur féidir linn tionchar dearfach, fiúntach a bheith againn sna pobail a ndéanaimid freastal orthu. Is croíluach dár n-eagraíocht í an tsábháilteacht agus is í an tosaíocht a bhíonn againn i gcónaí agus muid ag obair chun an chathair agus a muintir a choinneáil ag gluaiseacht. Na bearta atá curtha i bhfeidhm againn, lena n-áirítear acmhainn laghdaithe, glantachán feabhsaithe feithiclí, comharthaí agus fógraí sláinte poiblí ar bord, cumarsáid chomhsheasmhach le custaiméirí agus rannpháirtíocht fostaithe, chuidigh siad linn custaiméirí agus fostaithe a choinneáil ar an eolas agus a choinneáil sábháilte.

Is mórfhostóir muid a bhfuil daoine ar an túslíne againn, agus mar sin is maith mar is eol dúinn go bhfuil sé riachtanach tacú lena bhfolláine le linn na géarchéime. Le linn na paindéime tháinig athrú ar gach timpeallacht oibre. Rinneamar oiriúnú go tapa ina leith sin agus chuireamar faisnéis, tacaíochtaí agus cláir folláine ar fáil chun ár bhfostaithe agus a dteaghligh a chosaint tríd an bpaindéim chasta seo, ina raibh an éiginnteacht i réim.

Le linn na géarchéime seo léiríomar go léir ár solúbthacht agus an teacht aniar atá ionainn, in ainneoin go leor dúshlán a bheith le sárú againn. Ba mar gheall ar thiomantas leanúnach agus obair chrua ár 3,573 fostaí a d'éirigh linn é sin a dhéanamh. Mar Phríomhfheidhmeannach, tá a fhios agam go bhfuil ár bhfreagra láidir agus an soláthar seirbhíse bunaithe ar an iarracht a rinne gach fostaí ar fud na cuideachta, ag obair dóibh as lámha a chéile. Rinne siad níos mó ná a gcuid le linn na paindéime seo. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le gach duine a chuir na custaiméirí a chur ar a suaimhneas agus a thacaigh le hoibríthe túslíne chun muintir Bhaile Átha Cliath a choinneáil sábháilte agus a chuir seirbhísí riachtanacha ar bun.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an mbord as a dtacaíocht agus as an gcabhair a thug siad don chuideachta le linn na tréimhse dúshlánaí seo.



Cathair Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn

Cé gur tháinig an iomaí dúshlán leis an bpaindéim, tá ár gcuspóirí bainte amach againn i bpríomhréimsí mar spriocanna inbhuanaitheachta, feabhsú seirbhíse agus leathnú ar na seirbhísí.

Le roinnt blianta anuas, bhí ról ceannasach againn sa troid i gcoinne an athraithe aeráide trí theicneolaíochtaí agus feithiclí nua a thriail. In 2020, cheannaigh an tUdarás Náisiúnta lompair 74 bus hibrideach eile le cur leis an bhflít. Is céim thábhachtach eile é sin ar an aistear i dtreo flít íseal-astaíochtaí Bhus Átha Cliath a bheith níos éifeachtaí ó thaobh an chomhshaoil de. Ní hé amháin go laghdóidh an beart sin astaíochtaí gás ceaptha teasa de 30% ar a laghad ach feabhsófar eispéireas an chustaiméara freisin. Is céim shuntasach chun tosaigh é ceannach agus tabhairt isteach na mbusanna sin san aistriú go flít busanna poiblí uirbeacha íseal-astaíochtaí agus cinn gan astaíochtaí ar bith, mar a fhoráiltear dó i dTionscadal Éireann 2040 agus sa Phlean Gnímh don Aeráid atá leagtha amach ag Rialtas na hÉireann. Tá dathanna nua *Transport for Ireland* (TFI) ar na busanna freisin – glas, buí agus bán – agus tabharfar an dearadh sin isteach ar fud an fhlíit feithiclí oibleagáide seirbhíse poiblí (OSP) sna blianta amach romhainn.

Ghlacamar páirt freisin sa chéad triail a baineadh as bus hidrigine in Éirinn. Tabharfaidh an triail léargas luachmhar dúinn ar theicneolaíocht thábhachtach chun astaíochtaí carbóin a laghdú. Is céim thábhachtach í ar an mbóthar chun an flít feithiclí iompair phoiblí i mBaile Átha Cliath a dhícharbónú agus príomhchathair níos glaine agus níos inbhuanaithe a bheith againn dá bharr.

Anuraidh, shíniomar Gealltanas Ísealcharbóin *Business in the Community Ireland* chun ár lorg carbóin díreach a laghdú 50% faoi 2030. Rinneamar é sin a athnuachan in 2021 agus gheallamar spriocanna eolaíochtbhunaithe maidir le laghdú ar na hastaíochtaí carbóin a leagan síos faoi 2024. Ní mór ár lorg carbóin iomlán a áireamh sna spriocanna sin agus ní mór iad a bheith ag teacht le Comhaontú Pháras.

Ghlacamar páirt sa Tionscadal um Nochtadh Carbóin mar chuid de Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ 2020 agus bhaineamar amach rátáil B. Is é Grúpa CIÉ an chéad eagraíocht Éireannach a ghnóthaigh an rátáil sin sa chéad bhliain tuairiscithe.

Is maith mar a thuigim go bhfuil cúram ollmhór orainn agus muid ag cur i gcoinne an athraithe aeráide. Beidh obair chrua, dúthracht agus tiomantas ag teastáil chun an sprioc a bhaint amach, ach tá an obair sin á déanamh againn toisc gurb é an rud ceart é dár gcuideachta, dár bpobail, dár gcathair agus don saol atá romhainn.

Ag tógáil saol nua romhainn

Tar éis infheistíocht mhór €15.2 milliún, chuireamar tús le hoibríochtaí inár n-iosta nua sa Chloch Leathan i mBaile Phib i mí na Samhna 2020. Athchóiríodh an láithreán le bheith ina iosta bus nua-aimseartha do chathair Bhaile Átha Cliath. Is acmhainn bhreise é iosta na Cloiche Leithne i ngréasán Bhus Átha Cliath agus tacaíonn sé lenár gcumas leathnú a dhéanamh ar na seirbhísí bus sa chathair. Is mol iompair atá tábhachtach ar bhonn straitéiseach é an láithreán iomlán, ar a bhfuil iosta Bhus Átha Cliath i mBaile Phib, an tIonad Rialaithe Lárnaigh, Ionad Oiliúna Tiomána, Ionad Oiliúna Teicniúla, iosta de chuid Bhus Éireann agus stad Luas, lena dtacaítear le fás na cathrach.


Ag deireadh na bliana seo caite, thugamar isteach feabhsuithe suntasacha ar fud seacht mbealach bus sa ghréasán agus seirbhís nua 24 uair an chloig ar Bhealach 39a (idir Ongar agus UCD Belfield). Tá na bearta nua chun an tseirbhís a fheabhsú, lena n-áirítear 824 imeacht breise in aghaidh na seachtaine, ina dtoradh ar infheistíocht €4.9 milliún ón Údarás Náisiúnta Iompair. Cruthaíodh 80 post breise de bharr an mhaoinithe sin. Tá na feabhsuithe sin ina gcuid de chlár leanúnach feabhsúcháin agus fágann siad go bhfuil níos mó rogha ag na custaiméirí agus go bhfuil seirbhís bus níos minice agus níos iontaofa ann i rith na seachtaine, ar fud na cathrach. Cuidíonn ár seirbhísí 24 uair an chloig le fostaíocht a mhéadú i ngeilleagar na hoíche de réir mar a chuireann gnólachtaí síneadh lena gcuid uaireanta oscailte, cruthaíonn siad naisc aerfoirt 24 uair an chloig a fhreastalaíonn ar go leor ceantair chónaithe, agus laghdaíonn siad astaíochtaí carbóin san oíche.

Tá Bus Átha Cliath tiomanta dár ngréasán a fheabhsú go leanúnach agus seirbhís iontaofa, inrochtana, éifeachtúil a sholáthar do gach duine. Taispeánann na bearta feabhsúcháin sin gurb iad busanna an rogha iompair is fearr don chathair. Caithfidh ár seirbhís iompair phoiblí athruithe ar riachtanais na gcustaiméirí a léiriú agus beidh buntáistí iomadúla le baint as na bearta feabhsúcháin, i dtaobh seirbhísí iompair phoiblí do níos mó daoine agus gnólachtaí, buntáistí lena n-áirítear soghluaisteacht, sábháilteacht, inbhuanaitheacht agus cuimsiú.

Ag tacú le téarnamh

Cé go bhfuil éileamh na gcustaiméirí laghdaithe go mór agus go mbeidh sé tamall go mbeidh borradh faoi arís, táimid ag breathnú romhainn anois go dtí an tráth a mbeidh Bus Átha Cliath, agus oibreoirí iompair phoiblí eile, ag tacú leis an athnuachan eacnamaíoch agus á cumasú. Beimid ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair, an Roinn Iompair agus an Rialtas lena chinntiú go bhféadfaidh seirbhísí iompair phoiblí cuidiú linn an geilleagar a athoscailt de réir a chéile ar bhealach sábháilte. Tá dúshlán agus deiseanna fós romhainn, sa ghearrthréimhse agus san fhadtréimhse. Beidh ár gcustaiméirí ag dul amach sa saol úr agus muid ag dul ar aghaidh de réir a chéile le hathoscailt an ghnó agus na sochaí. Táimid ag tnúth le freastal orthu arís.

Leanfaimid orainn ag oiriúnú agus ag athrú, ag teacht le luas na cathrach, ag nascadh pobail nua le bealaí nua, busanna nua agus teicneolaíochtaí nua. Mar gheall ar ár bhflít feithiclí íseal-astaíochtaí, ár dtionscnaimh inbhuanaitheachta agus ár n-infheistíochtaí sna hiostaí táimid réidh chun freastal ar riachtanais iompair Bhaile Átha Cliath anois agus feasta.



Ray Coyne
Príomhfheidhmeannach



An Cuspóir atá Againn



An bealach a threorú chuig réitigh shoghluaisteachta níos fearr do gach duine, ionas go mbeidh borradh faoi dhaoine aonair, pobail, an tsochaí agus an geilleagar.



An Cuspóir atá Againn

An bealach a threorú chuig réitigh shoghluaisteachta níos fearr do gach duine, ionas go mbeidh borradh faoi dhaoine aonair, pobail, an tsochaí agus an geilleagar.

Is é Bus Átha Cliath an soláthraí seirbhísí iompair phoiblí is mó in Éirinn agus tá ról ríthábhachtach againn maidir le timpeallacht níos glaine agus tír níos inbhuanaithe a bheith againn. Táimid ag obair chun nuálaíocht a chothú, uasghrádú a dhéanamh ar fhliot feithiclí níos glaise agus ár n-acmhainní nádúrtha a chosaint, agus a bheith ag obair as lámha a chéile lenár bpáirtithe leasmhara chun saol níos fearr a bhaint amach dár gcuideachta, dár bpobal agus dár gcathair.

In 2020, thug COVID-19 leis dúshlán shuntasacha a raibh tionchar acu ar éileamh na gcustaiméirí agus a chuaigh i gcion ar ár bhfeidhmíocht airgeadais. Rangaíodh Bus Átha Cliath mar sheirbhís riachtanach agus lean sé ar aghaidh i mbun oibre le linn na paindéime, ag cinntiú go bhféadfadh oibrithe cúraim sláinte agus oibrithe riachtanacha eile taisteal go slán sábháilte agus a ról thábhachtacha a chomhlíonadh.

In ainneoin na ndúshlán, leanamar ar aghaidh ag dul chun cinn maidir le go leor dár gcuspóirí:

- Seirbhís iompair phoiblí atá sábháilte, iontaoifa agus ar ardchaighdeán a sholáthar i gcomhréir leis an gConradh Dírdhámhachtana
- Ár dtiomantas a chomhlíonadh chun a bheith inár n-eagraíocht fhreagrach a bhfuil ról gníomhach aici i saol an chomhshaoil, na hinbhuanaitheachta agus an phobail
- A chinntiú go mbeidh seirbhísí iompair phoiblí réidh don am atá le teacht

Tá ár gcuspóirí i gcomhréir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) a bhfuil baint lárnach acu linn, a bheidh fós ina mbonn lenár gcuspóirí in 2021.



Sláinte agus Sábháilteacht

Cé go ndeachaigh an phaindéim dhomhanda COVID-19 i bhfeidhm go mór ar gach cuid dár ngnó, ar shaol laethúil na bhfostaithe, ar an tsochaí agus ar ár ngeilleagar, tá Bus Átha Cliath tar éis na treoirlínte a chuir an Rialtas i bhfeidhm a oiriúnú agus cloí leo, de réir na comhairle ón bhFoireann Náisiúnta um Fhreagairt Éigeandála i leith Sláinte Poiblí (NPHE).



Forbraíodh Plean Freagartha agus Ráiteas COVID-19 de réir threoir an Rialtais. Sa Plean Freagartha sin, sonraítear na beartais, na cleachtais agus an fhaisnéis atá riachtanach chun go gcomhlíonfaimid Prótocal an Rialtais um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte agus chun leathadh COVID-19 san ionad oibre a chosc. Chuir foireann thiomnaithe um fhreagairt do COVID-19 an plean i bhfeidhm agus tugtar forbhreathnú ann ar phríomhréimsí nach mór d'fhostóirí a mheas chun comhlíonadh an phrótocail a chinntiú agus chun an baol d'fhostaithe agus do dhaoine eile a íoslaghdú. Gealltar ann freisin Sláinte agus Sábháilteacht a bhainistiú, freagracht a shonrú, cuntasacht agus príomhghuaiseanna a shainiú, i.e. an galar COVID-19, agus measúnuithe riosca, bearta coiscithe agus bearta rialaithe leordhóthanacha a chur i bhfeidhm laistigh de thimpeallacht oibre na cuideachta.

Chuireamar roinnt cleachtas i bhfeidhm maidir le hobair shábháilte chun tacú le fostaithe agus chun scaipeadh COVID-19 san ionad oibre a chosc ar fud na láithreacha go léir. I measc na mbearta a rinneadh, bhí siad seo a leanas:

- Príomhionadaithe Oibrithe (Oifigigh Comhlíonta COVID-19) i ngach láthair. Cuireadh oiliúint orthu trí chianmhol oiliúna
- Beartas maidir le hObair ón mBaile tugtha isteach d'fhostaithe deasc nuair is féidir. Tacaíodh leis sin trí acmhainní agus measúnú maidir le hobair ón mbaile a cuireadh ar fáil do na fostaithe go léir
- Tugadh isteach beartas maidir le Taisteal a dhéanann Fostaithe, atá ag teacht leis an treoir ó FSS
- Díghalrán lámh i limistéir ina mbaillíonn daoine le chéile agus stáisiúin díghalrán lámh i limistéir iontrála
- Eisíodh 45,000 clúdach aghaidhe in-athúsáidte do na fostaithe
- Tá leabhair rianaithe teagmhála i bhfeidhm i ngach láthair
- Rinneadh measúnú ar oifigí agus limistéir ina mbaillíonn daoine le chéile, agus cuireadh bearta um scaradh sóisialta i bhfeidhm lena n-áirítear comharthaí cuí agus uaireanta oibre agus sosanna ar leithligh i bhfoirgnimh agus iostaí
- Cuireadh 7,200 pacáiste cúraim sábháilteachta ar fáil do na fostaithe
- Dúnadh ionaid aclaíochta agus limistéir áineasa de réir na dtreoirlínte
- Cuireadh chun feidhme nósanna imeachta maidir le maoirseacht a dhéanamh ar shláinte na bhfostaithe agus na gconraitheoirí
- Suiteáladh trealamh cosanta pearsanta i gcoinne COVID-19 i ngach cófra garchabhrach agus eisíodh treoracha sainiúla do gach bhall foirne garchabhrach
- Cuireadh i bhfeidhm nósanna imeachta glantacháin breise lena n-áirítear glanadh níos minice a dhéanamh ar phointí tadhaill in oifigí agus i bhfoirgnimh

Tacaíodh leis na bearta sin le feachtas rannpháirtíochta inmheánach chun fostaithe a chur ar an eolas, oideachas a chur orthu agus tacú leo i dtaobh na n-athruithe sin ar a dtimpeallacht oibre. Áiríodh leis sin comharthaí agus teachtaireachtaí feasachta leanúnacha chuig gach fostaí ag gach láthair agus ar an ríomhphost agus trí Yammer.

Chun ár bhfostaithe agus ár gcustaiméirí a chosaint, tá roinnt cleachtas sábháilteachta i bhfeidhm anois ar bord ár bhflít 994 bus. Ina measc siúd, tá siad seo a leanas:

- Glanadh feabhsaithe á dhéanamh ar na busanna gach lá agus gach oíche ag 23 mol ar fud na cathrach agus nuair a fhilleann na busanna ar na hiostaí i rith an lae
- Glanadh feabhsaithe á dhéanamh i limistéar an tiománaí sa bhus agus ar phointí tadhaill a úsáidtear go minic ar bord
- Úsáid á baint as príomhshuimh fógraíochta ar na busanna chun tacú le comhairle sláinte poiblí na Roinne Sláinte agus FSS
- 50,000 comhartha suíochán feistithe ar ár bhflít feithiclí chun scaradh sóisialta ar bord a chur i bhfeidhm
- 26,000 comhartha fuinneoige lena n-iarrtar ar chustaiméirí fuinneoga a choinneáil ar oscailt le haghaidh aer úr a ligean isteach
- 7,500 comhartha ina gcuirtear in iúl ár bpríomhtheachtaireachtaí sábháilteachta lena n-áirítear go bhfuil sé éigeantach clúdach aghaidhe a chaitheamh

Tacaítear leo sin trí fhógraí ar bord ina luaitear arís na bearta sábháilteachta agus feachtas digiteach feasachta ar ár gcainéil meán sóisialta chun custaiméirí a choinneáil ar an eolas faoi athruithe agus chun tacú le hoibríthe riachtanacha túslíne agus a n-aistear á bpleanáil acu.

Táimid ag obair leis an Roinn Sláinte faoi láthair chun tús áite a thabhairt d'oibríthe túslíne na seirbhísí iompair phoiblí maidir leis an vacsaín i gcoinne COVID-19.

Nuálaíocht agus Bonneagar

Ar bhonn infheistíocht mhór €15.2 milliún, osclaíodh iosta nua na Cloiche Leithne i mí na Samhna 2020. Tá an iosta sin ina chuid de bhonneagar iompair na hÉireann ó 1850, agus tá sé ar an ochtú iosta de chuid Bhus Átha Cliath anois. Is toradh é ar thionscadal a thóg tamall de bhlianta agus thóg an dearadh, an fhorbairt agus an phleanáil féin beagnach dhá bhliain.

Fágann an t-iosta nua go bhfuil acmhainn mhéadaithe ag iostaí Bhus Átha Cliath – is féidir 130 feithicil breise a rith ón tsaoráid nua. Saoráid cothabhála iarnróid a bhíodh ann, a tógadh sna 1850idí agus a raibh drochbhail air le fada, ach is ceardlann nua-aimseartha cothabhála feithiclí anois é, agus áis pháirceála d'fheithiclí. Ní hé amháin go bhfreastalaíonn

an t-iosta ar riachtanais chothabhála na bhfeithiclí atá i bhflít Bhus Átha Cliath faoi láthair, ach beidh sé in ann freastal ar shonraíochtaí feithiclí a gheobhaimid amach anseo, amhail feithiclí hibrídeacha leictreacha/díosail. Tá sé solúbtha go leor freisin chun freastal ar fheithiclí hidrigine amach anseo más gá.

Is láithreán faoi chosaint é iosta na Cloiche Leithne. Cuireadh san áireamh san fhoirgníocht gnéithe dearaidh agus tógála inbhuanaithe lena díriodh ar an oiread agus arbh fhéidir den struchtúr a bhí ann a athúsáid, rud a d'fhág gur coinníodh an carbón agus an fuinneamh a bhí sa struchtúr sin. Bhí Bus Átha Cliath ag obair i ndlúthpháirt le hailtirí caomhantais chun athchóiriú agus caomhnú an láithreáin a chinntiú. Meastar go laghdaíonn na sonraí athchóireála astaíochtaí agus an lorg carbóin.

Ina measc siúd, tá siad seo a leanas:

- Laghdú ar mhéid na coinchréite a theastaíonn go dtí thart ar 20% den mhéid a theastódh i bhfoirgneamh nua den mhéid céanna
- Úsáid coinchréite ina bhfuil cion stroighne GGBS 50% (slaig foirneise soinneáin gráinnithe) le lorg carbóin suas le 15 oiread níos lú ná mar a bhíonn ag stroighin thraidisiúnta
- Athchóiriú agus deisiú ar an mbunstruchtúr iarainn theilgte agus na craenacha droichid sa seangharáiste, mar aon leis an bhfráma ursanach ó na 1970idí agus na trusanna adhmaid nuair arbh fhéidir é
- Baineadh úsáid as ábhair nádúrtha eile agus táirgí ísealfhuinnimh lena n-áirítear díon sclataí, adhmaid chun an díon a dheisiú, cumhdra since agus adhmaid *glulam* chun limistéir dín nua a thógáil

Trí Bhailte Slachtmhara Bhaile Phíob agus *Swift Conservation Ireland*, agus le maoiniú ón gCiste Gníomhaíochta Comhshaoil Pobail (Clár Áitiúil 21) de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, tá Bus Átha Cliath tar éis boscaí neadaithe don ghabhlán gaoithe a chur in airde sa láithreán chun cabhrú leis na héin sin a chaomhnú agus cur lena líon.

Ceann de na haidhmeanna fadtéarmacha a baineadh amach is ea cur leis an acmhainn i dtaobh feithiclí a chothabháil ar fud iostaí Bhus Átha Cliath. Fágann sé sin go mbeidh sé d'acmhainn againn leathnú a dhéanamh ar na bealaí sna blianta amach romhainn, agus go gcruthaítear acmhainn in áiteanna eile ionas gur féidir seirbhísí breise a chur ar bun nuair is gá.

Tugadh i gcrích an tionscadal in am (cé is moite de mhoill arbh é COVID-19 ba chúis léi) agus de réir shrianta an bhuiséid.



Ár Lorg

Cuid dhílis den réiteach is ea Bus Átha Cliath chun cuidiú linn Éire níos inbhuanaithe a chothú trí aistriú córa iompair agus trí bheith ina ghnó freagrach ar fud ár n-oibríochtaí uile in eagraíocht a bheidh níos glaine, níos glaise agus nach mbeidh astaíochtaí á sceitheadh aici ar an nglanleibhéal. Tá ár straitéis chomhshaoil agus ár gcóras bainistíochta fuinnimh, atá deimhnithe ag ISO, ina mbonn agus ina dtaca lenár dtiomantas ár dtionchar ar an gcomhshaoil a laghdú ar fud an ghréasáin, na 8 n-iosta agus na n-ionad oibre. Cinntítear leo freisin go ndéanaimid ár ndul chun cinn a thomhas agus a thuirisciú ar bhealach trédhearcach, fiúntach.

Áirítear leis an dul chun cinn a rinneadh in 2020 an méid seo a leanas:

- 86,700 carr bainte den bhóthar gach lá
- feabhas 19% ar éifeachtúlacht breosla
- laghdú 49% ar astaíochtaí CO₂
- innill euro 6 atá in 60% dár bhflít feithiclí anois
- é 58% níos saoire taisteal ar bhus ná i gcarr, rud a fhágann go dtéann iompar poiblí chun tairbhe do phóca agus an phláinéid
- caighdeán bainistíochta fuinnimh ISO 50001 bainte amach
- Gealltanais Carbóin de chuid *Business in the Community Ireland* sínithe agus tuairisciú á dhéanamh anois ar astaíochtaí scóip 3
- Cosc ar phlaistigh aonúsáide tugtha isteach
- Baineadh amach rátáil B ar fud Ghrúpa CIÉ i leith an Tionscadail um Nochtadh Carbóin

In 2020, d'ídiomar 238,836 MWh fuinneamh, mar seo a leanas:

	2020 MWh	2019 MWh
Díosal don fhflít busanna	224,395	250,288
Leictreachas	4,422	4,576
Gás nádúrtha	10,019	10,785

De réir na spriocanna nua atá leagtha amach faoin gClár Rialtais agus faoin bPlean Gnímh don Aeráid 2019, tá Bus Átha Cliath tiomanta dár n-astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a laghdú 50% faoi 2030 agus gur neamhní ar an nglanleibhéal a bheidh sna hastaíochtaí faoi 2050. Sa Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Feithiclí Glana, leagtar amach spriocanna do fhlíteanna feithiclí tromshaothair san earnáil phoiblí agus, faoin treoir sin, táimid ag obair chun astaíochtaí ísle a bheith ag 45% de na feithiclí san fhflít nó iad a bheith saor ó astaíochtaí faoi 2026, agus 65% de na feithiclí faoi 2030.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach agus tógáil ar an dul chun cinn atá déanta againn, áirítear ar ár bpleananna do 2021:

- 74 feithicil hibrídeach agus bonneagar luchtaithe a fháil sa chéad ráithe de 2021
- Pleanáil i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus BSL i gcomhair bonneagar luchtaithe d'fheithicil leictreacha a fheidhmíonn le ceallraí amháin
- Bailiú báistí in iosta Chnoc an tSamhraidh, beart a chuirfear i bhfeidhm in iostaí eile freisin
- Leanúint ar aghaidh le feachtais maidir le feasacht ó thaobh fuinnimh de
- Iarratas a dhéanamh ar chaighdeán bainistíochta comhshaoil ISO 14001
- Naoi gcinn lárnaigh de Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun feidhme

- Tionscadal píolótach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh in iosta na Rinne
- Tuarascáil chomhshaoil na cuideachta seolta chuig páirtithe leasmhara seachtracha agus inmheánacha
- Páirteach sa triail de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair ar Bhusanna Hidrigine

Comhlíonadh an Chonartha Dírdhámhachtana

Cuid lárnach de ghnó Bus Átha Cliath is ea é seirbhísí bus a chur ar fáil go héifeachtach, éifeachtúil do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath faoin gConradh Dírdhámhachtana leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Mairfidh an conradh sin go dtí Samhain 2024 agus tugann sé an deis líon níos mó seirbhísí bus a oibriú a fhreastalaíonn ar phobail ar fud Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath, arna maoiniú faoin Oibleagáid Seirbhíse Poiblí.

Léiríonn comhlíonadh an chonartha sin agus an brabús a dhéantar air tiomantas, gairmiúlacht agus scileanna ár 3,573 fostaí atá rithábhachtach maidir le rath a bheith ar Bhus Átha Cliath.

Leagtar amach sa Chonradh Dírdhámhachtana treochláir soiléir maidir le borradh leanúnach a bheith faoi Bhus Átha Cliath tríd an ngréasán busanna nua do Bhaile Átha Cliath a sholáthar faoin tionscadal *BusConnects*, clár infheistíochta €2 bhilliún i seirbhísí bus don phríomhchathair. Is an-deis í seo don chathair, don ghnó agus do na fostaithe go léir agus táimid ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun an clár feabhsúcháin spreagúil seo a chur i bhfeidhm ionas go n-éireoidh go geal le hearnáil an iompair poiblí.

Rannpháirtíocht sa Phobal

Tá Bus Átha Cliath tiomanta do dhea-thionchar sóisialta a bheith aige ar na pobail, pobail ar cúis bhróid againn é freastal orthu. Tá an méid sin le feiceáil inár dTionscnamh Meoin Pobail, a bhfuil sé ina aidhm leis feabhas a chur ar shaol na ndaoine sna pobail ina bhfeidhmíonn ár seirbhís, agus tacú leo. Ar an drochuair, bhí tionchar ag COVID-19 ar na cláir sin in 2020. Osclaíodh ár nGradaim Meoin Pobail d'iaratasóirí i mí na Samhna agus fuairamar 345 iaratas ó ghrúpaí deonacha agus pobail ar fud Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath. Fógrófar buaiteoirí na ngradam sa chéad ráithe de 2021. Cuireadh ar fionraí ár gClár Oideachais Scoileanna, lena gcuidítear pobail a choinneáil slán trí oideachas a chur ar shaoránaigh óga faoin tábhacht a bhaineann le meas a bheith acu ar na seirbhísí iompair poiblí.

Is é éiteas an chláir sin tacú lenár gcustaiméirí, lenár gcomhghleacaithe agus lenár bpáirtithe leasmhara, agus muid ag obair chun muinín a chothú agus chun comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt sna pobail ina mbímid ag obair. Chun ár dtiomantas do phobail a chomhlíonadh le linn COVID-19, d'fhéachamar ar bhealaí nua chun comhoibriú le páirtithe leasmhara, idir inmheánach agus seachtrach. Thugamar faoi chomhpháirtíochtaí rannpháirtíochta pobail le carthanais atá ag freastal ar riachtanais pobal le linn na paidéime.



I measc na mbeart a rinneadh, bhí siad seo a leanas:

- **Lucht Cruthaitheach i gcoinne COVID-19 “Have HeART”:** Ba é aidhm an fheachtais seo muintir na hÉireann a spreagadh leis an mana “Have HeART” trí phrionta ealaíne úrnua a cheannach ón siopa ar líne *Creatives Against COVID-19*. Deonaíodh na fáiltais ó gach ceannachán go cothrom do ISPC Childline agus Women’s Aid, ag cabhrú le mná agus leanaí leochaileacha a ndeachaigh an phaindéim i bhfeidhm orthu. Taispeánadh fógraí lenar cuireadh an feachtas chun cinn agus lenar taispeánadh na saothair ealaíne ar 101 bus ar fud an fhlíit.
- **Bród agus BeLonG To:** Mar chuid dár dtacaíocht leanúnach don phobal LADTI+ agus Bród Bhaile Átha Cliath, chuamar i gcomhpháirtíocht le BeLonG To agus leagamar béim ar an obair a dhéanann an carthanas chun tacú le daoine óga LADTI+ sa tír seo agus chun iad a spreagadh. Bhí na comharthaí speisialta le feiceáil ar 100 bus agus léirigh siad faisnéis teagmhála an ghrúpa, a thairgeann tacaíochtaí mar ghrúpaí sóisialta óige, seirbhísí meabhairshláinte agus sláinte gnéasaí a sholáthar, agus tacaíocht maidir le drugaí agus alcól. Tháinig méadú os cionn 200% ar líon na ndaoine a bhain úsáid as a gcuid seirbhísí ríthábhachtacha.
- **Lá Feasachta Bliantúil 24/7 Shamáraigh Bhaile Átha Cliath:** Gach bliain ar an 24 Iúil, déanann an carthanas ceiliúradh ar chineál 24/7 na seirbhíse a sholáthraíonn 2,300 oibrí deonach Samárach ar fud na tíre. Mar gheall ar shrianta COVID-19, níorbh fhéidir gnáthlá feasachta a chur ar bun. Le cuidiú feasacht a mhúscailt, coimisiúnaíodh bus speisialta chun teachtaireachtaí agus sonraí líne chabhrach na Samárach (116 123) agus thaistil sé ar fud na cathrach i rith an lae. Thuairiscigh na Shamáraigh fás nach beag ar líon na nglaoanna ó dhaoine a raibh uaigneas nó imní orthu nó a raibh fonn féinmharaithe orthu a chuaigh in olcas le linn na paindéime.
- **Glao Chumann Naomh Uinseann de Pól ar Thabhartais um Nollaig:** Faoi Nollaig 2020, bhí tacaíocht tugtha ag eagraíocht do bheagnach 300 leanbh agus 422 teaghlach le linn COVID-19. Ina theannta sin, thacaigh sí le 127 teaghlach chun cur fúthu in áit bhuan le linn na tréimhse sin. Chun cabhrú le Cumann Naomh Uinseann de Pól leanúint leis an obair sin, thacaíomar lena fheachtas bliantúil trí mheán feachtas feasachta i gcomhpháirt leis, a bhí ar taispeántas ar 75 bus ar fud an fhlíit.

Bhí feachtais chomhphárteacha maidir le feasacht dhigiteach ar bun lenar tacaíodh leis na comhpháirtíochtaí sin. Trí bheith in ann díriú ar earnálacha éagsúla den phobal, bhí an deis

againn aird a dhíriú ar na hacmhainní atá ar fáil dár gcustaiméirí, dár bhfostaithe agus don phobal i gcoitinne i mBaile Átha Cliath a bhféadfadh tacaíocht a bheith ag teastáil uathu le linn thréimhse seo na mórdhúshlán.

Tá Bus Átha Cliath ina bhall de *Business in the Community Ireland* (BITCI), grúpa cuideachtaí atá tiomanta do chur go leanúnach lena ndea-thionchar ar an tsochaí. In 2021 éascóidh siad d’athbhreithniú ar ár dtionscnaimh rannpháirtíochta pobail. Tá sé sin beartaithe chun an cur chuige a athnuachan lena chinntiú go mbeidh an tionchar sóisialta is inmhianaithe fós ag gach tionscadal agus go dtacóidh na tionscadail lenár gcroí-straitéis ghnó. Bainfear an méid sin amach trí thaighde cáilíochtúil le príomhpháirtithe leasmhara, idir inmheánach agus seachtrach.

Inrochtaineacht

Bíonn Bus Átha Cliath ag obair chun cineál iompair atá slán sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar lena nasctar daoine agus pobail ar fud Bhaile Átha Cliath, ag cur ar a gcumas do dhaoine saol fóna a chaitheamh. Tá Bus Átha Cliath tiomanta feabhas a chur ar eispéireas an aistir dár gcustaiméirí atá faoi mhíchumas agus a bhfuil lagú gluaisteachta orthu.

Tá an flít feithicilí atá againn lán-inrochtana agus tá spás amháin do chathaoir rothaí ar gach bus agus spás do chathaoireacha rothaí agus do bhugaí ar 64% de na busanna. Tá faisnéis chlosamhairc faoi na stadanna ar fáil ar gach bus.

Cuireadh an Scéim Cúnaimh Taistil ar fionraí mar gheall ar COVID-19, ach ag tús 2020 chuireamar an méid seo ar fáil:

- 106 babhta cúnaimh
- Dhá chaint faoin tsábháilteacht do ghrúpaí daoine scothaosta faoi bheith sábháilte agus iad ag taisteal ar sheirbhísí iompair phoiblí
- Naoi dtaispeántas ar an mbus lena n-áirítear taithí ar bheith ar bord

Tá ár nOifigeach Rochtana fós ar fáil chun tacú lenár gcustaiméirí ar an bhfón agus ar an ríomhphost. Tá súil againn an scéim a chur ar bun arís in 2021 tráth a gcuideoidimid le custaiméirí taisteal go neamhspleách ar sheirbhísí iompair phoiblí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Beidh tábhacht ar leith leis sin mar chuid d’fhéidhmiú an tionscadail *BusConnects* faoina gcuideoidimid le custaiméirí bealaí nua agus athruithe ar bhealaí atá ann cheana a fhoghlaim.

Feidhmíocht

Chuaigh éigeandáil sláinte poiblí COVID-19 i bhfeidhm go mór ar gach gné den ghnó le linn 2020. Athraíodh gréasán seirbhísí Bus Átha Cliath go minic chun an t-athrú ar phatrúin taistil an phobail a chur san áireamh de réir mar a cuireadh srianta dianghlasála éagsúla i bhfeidhm, agus cuireadh srian ar acmhainn na bhfeithiclí. Ba é tionchar foriomlán na paindéime COVID-19 ar fheidhmíocht na cuideachta:

- Tháinig laghdú 51% ar líon foriomlána na n-aistear a rinne custaiméirí
- Tháinig laghdú 52% ar an ioncam oibriúcháin foriomlán go €125.1 milliún
- Cuireadh Seirbhísí Tráchtála ar fionraí i mí Aibreáin 2020 agus tabhaíodh cailteanais €11.0 milliún ina leith
- Tá laghdú tagtha ar na costais dhíreach fhoriomlána ó €289.7 milliún in 2019 go €274.6 milliún in 2020

Rinneadh tionchar COVID-19 a rialú trí bhainistíocht costas agus trí thacaíocht leanúnach ón Údarás Náisiúnta Iompair.

Ó mhí an Mhárta 2020, léiríomar an teacht aniar atá ionainn agus an cumas atá againn oiriúnú d'athruithe go tapa agus go héifeachtúil. De réir threoirlínte an Rialtais agus an phlean a tháinig ina dhiaidh sin maidir le Maireachtáil le COVID-19, cuireadh srian ar an acmhainn ag gach céim chun scaradh sóisialta leordhóthanach a chur i bhfeidhm ar na busanna. Bhí tionchar aige sin ar ár gcuid seirbhísí go léir láithreach bonn. Tar éis plé leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus gníomhaireachtaí eile, rinneadh ár sceidil a athbhreithniú de réir an leibhéil éilimh agus na srianta acmhainne ar gach leibhéal de Phlean an Rialtais. Cuireadh athruithe i bhfeidhm ar na seirbhísí agus cinntíodh an tráth céanna go raibh leibhéal leordhóthanach seirbhíse ann dóibh siúd a bhí ag taisteal chuig obair riachtanach agus chun críocha riachtanacha. Tá ár bhfoireann oibríochtaí fós ag déanamh monatóireacht ar leibhéal seirbhíse agus tá pleananna i bhfeidhm chun freagairt do na cúinsí athraitheacha atá i réim.

Rinneadh leathnú ar na seirbhísí OSP (Oibleagáid Seirbhíse Poiblí) dár gcuid i mí na Nollag 2020: cuireadh feabhas nach beag ar sheacht mbealach bus agus cuireadh tús le seirbhís nua 24 uair an chloig ar Bhealach 39a (idir Ongar agus UCD Belfield). Tá na bearta nua chun an tseirbhís a fheabhsú, lena n-áirítear 824 imeacht breise in aghaidh na seachtaine, ina dtoradh ar infheistíocht €4.9 milliún ón Údarás Náisiúnta Iompair.

Cuireadh an maoiniú ar fáil trí phlean spreagthaí an Rialtais i mí Iúil 2020 agus tá na feabhsuithe á gcur i bhfeidhm faoi chlár leanúnach feabhsúcháin de chuid Bhus Átha Cliath agus an Údarais Náisiúnta Iompair, faoina mbeidh rogha níos mó ag na custaiméirí chomh maith le seirbhís bus níos minice agus níos iontaofa i rith na seachtaine, ar an 117 bealach atá againn ar fud na cathrach.


Áirítear leis na seirbhísí breise ar Bhealach 1, Bealach 9, Bealach 13, Bealach 14, Bealach 39, Bealach 39a, Bealach 40 agus Bealach 83 aistír bhreise seachbhuaice, busanna níos minice, iontaofacht fheabhsaithe agus aistír bhreise trasna na cathrach ó stáisiún ceann aistír go chéile. Beidh Bealach 39a ag feidhmiú anois ar feadh 24 uair an chloig, 7 lá sa tseachtain agus beidh busanna níos minice air i rith an lae chomh maith le seirbhísí breise san oíche. Is é sin an tríú seirbhís bus 24 uair an chloig a d'fhógair Bus Átha Cliath agus tugadh isteach na cinn eile (Bealaí 41 agus 15) i mí na Nollag 2019. Is léargas iad na seirbhísí 24 uair an chloig ar an athrú atá ag teacht ar an gcathair.

In 2021, cuirfear bearta feabhsúcháin i bhfeidhm faoin tionscadal *BusConnects*, a chuirfidh feabhas eile fós ar an tseirbhís a chuirimid ar fáil dár gcustaiméirí. Tógfaidh sé tamall ar éileamh na gcustaiméirí teacht chuige féin arís. Mar sin féin, agus muid ag tnúth leis an saol tar éis COVID, tá sé tábhachtach go leanfaimid orainn ag cur le hacmhainn ár gcórais iompair poiblí ionas go mbeimid faoi réir i gcomhair an téarnaimh. Is é an ról atá againn, mar oibreoir iompair poiblí, a chinntiú go bhféadfaimis na dúshláin a bhaineann leis an bpaindéim a shárú agus an deis a thapú chun beart nua a fhorbairt maidir le hiompar poiblí agus seirbhísí bus uirbeacha ar ardchaighdeán ina chroílár.


Beidh Bus Átha Cliath fós á stiúradh ag an Rialtas, FSS, an Roinn Sláinte agus gníomhaireachtaí ábhartha rialtais eile ó thaobh cinntí a threorú. Cloítear le gach treoir sláinte poiblí a eisíonn an Rialtas agus an Roinn Sláinte.

An Chuideachta Iomlán

Líon na nAistear Custaiméirí - milliúin




Ioncam Oibriúcháin - € milliún




OSP

Líon na nAistear Custaiméirí - milliúin




Ioncam Oibriúcháin - € milliún




Seirbhísí Tráchtála

Líon na nAistear Custaiméirí - milliúin



Ioncam Oibriúcháin - € milliún





Ioncam Oibriúcháin Iomlán na Cuideachta

Thabhaigh Bus Átha Cliath easnamh €3.8 milliún in 2020 roimh chostais eisceachtúla i gcomparáid le barrachas €6.8 milliún in 2019. Tá an t-ioncam oibriúcháin iomlán laghdaithe go €125.1 milliún i gcomparáid le €263.0 milliún in 2019.

Tá laghdú tagtha ar iomlán na gcostas díreach ó €289.7 milliún in 2019 go €274.6 milliún in 2020, sin glanlaghdú €15.1 milliún. Léiríonn caiteachas na bliana 2020 costais bhreise maidir le bearta sábháilteachta a thabhairt isteach a bhaineann le COVID-19, amhail glanadh feithiclí idir aistír agus caiteachas eile a bhaineann le sábháilteacht. Spáráladh airgead de bharr athruithe ar sheirbhísí a bhaineann le srianta COVID-19 chomh maith le héifeachtúlachtaí costais eile a bhain an chuideachta amach i roinnt réimsí in 2020. Léiríonn an caiteachas sin freisin cinneadh an Údarás Náisiúnta Iompair íoc as na costais i ndáil leis an gCóras Ticéadaithe Comhtháite in 2020.

Toradh oibriúcháin agus staid airgeadais OSP

Lean Bus Átha Cliath ar aghaidh ag cur seirbhísí OSP ar an mbóthar de réir an Chonartha Dírdhámhachtana le linn 2020. In 2020 d'oibrigh an chuideachta faoi chonradh glanchostais agus rinneadh lánmhaoniú uirthi faoin gconradh OSP. Ba mhaith leis na stiúrthóirí aitheantas a thabhairt don mhaoiniú breise a fuarthas tríd an Údarás Náisiúnta Iompair agus an Státchiste le linn 2020, rud a chuir ar ár gcumas dúinn leanúint ar aghaidh le seirbhísí iompair phoiblí riachtanacha.

D'aistrigh Bus Átha Cliath go conradh ar bhonn costas comhlán ón 1 Eanáir 2021. Faoin gconradh sin is ar an Údarás Náisiúnta Iompair a bheid an fhreagracht as an ioncam.

Rinne an chuideachta barrachas beag €1.1 milliún ar na seirbhísí OSP roimh chostais eisceachtúla. Lean an chuideachta ar aghaidh ar feadh 2020 leis an mionphlé le páirtithe leasmhara faoi thoradh iomchuí i leith seirbhísí OSP. D'aithin an chuideachta an maoiniú breise nach beag a fuarthas ón Údarás Náisiúnta Iompair agus faoin Scéim SFPF (Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta) lena chinntiú go mbeadh an chuideachta fós in ann seirbhísí iompair riachtanacha a sholáthar dár gcustaiméirí.

Tá an bord aireach ar an ngá atá ann a chinntiú go mbeidh an chuideachta fós i riocht airgeadais cobhsaí agus go mbeidh dea-bhail uirthi chun freastal ar riachtanais iompair an phobail. Tá an chuideachta meáite go fóill ar chur leis an luach ar airgead agus ar bhearta éifeachtúlachta costais a chur i bhfeidhm ar fud na gcatagóirí caiteachais go léir.

Barrachas/(Easnamh) i leith Seirbhísí OSP

	2020 €'000	2019 €'000
Ioncam	144,489	240,517
Costais	(268,467)	(284,628)
(Easnamh) oibriúcháin	(123,978)	(44,111)
Íocaíocht OSP	125,104	23,901
Barrachas/(Easnamh) Glan	1,126	(4,210)

Laghdaigh costas oibriúcháin na seirbhísí OSP ó €284.6 milliún in 2019 go €268.5 milliún in 2020, sin laghdú €16.1 milliún. Tháinig laghdú €96.0 milliún ar ioncam OSP sa tréimhse chéanna. Rinne na seirbhísí OSP barrachas €1.1 milliún. Léiríonn toradh na bliana 2020 i leith seirbhísí OSP tionchar na srianta COVID-19 ar sholáthar seirbhíse agus ar an acmhainn custaiméirí ar bhealaí OSP.

Tá Bus Átha Cliath fós ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun feabhas eile fós a chur ar an ngréasán seirbhísí agus ar chaighdeán na seirbhísí a thairgimid do na custaiméirí. Aithníonn na páirtithe leasmhara go léir go mbaineann an-tábhacht le barrachas réasúnta ar an gconradh OSP ionas go mbeidh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh ag díriú ar chobhsaíocht airgeadais, rud as a n-eascróidh airgead chun infheistíocht riachtanach a dhéanamh agus seasmhacht níos fearr maidir le seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar. Tá an chuideachta fós i mbun plé leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le leibhéal foriomlán an bharrachais atá de dhíth ar sheirbhísí OSP.

Choinnigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair air ag plé leis an gcuideachta lena chinntiú go leanfar le hinfheistíochtaí caipitil sa fhliú feithicilí OSP agus i mbearta feabhsúcháin do chustaiméirí mar chuid den tiomantas comhpháirteach atá ag an Údarás agus Bus Átha Cliath maidir le seirbhísí OSP a fheabhsú.

Toradh Oibriúcháin agus Staid Airgeadais i leith Seirbhísí Tráchtála

Bhí tionchar nach beag ag COVID-19 ar na Seirbhísí Tráchtála, agus cuireadh seirbhísí Airlín agus City Tours ar fionraí ó Aibreán 2020. Thabhaigh an gnóthas cailteanas mór i leith 2020, i gcomparáid le brabús sna blianta roimhe seo. Cuireadh baill na foirne tráchtála ag obair, nuair ab fhéidir é, i réimsí eile den ghnó ina raibh folúntais ann.

Tá foireann bheag fós ag obair chun deiseanna tráchtála a fhorbairt don ghnó.

Seirbhísí Tráchtála – (Easnamh)/Barrachas

	2020 €'000	2019 €'000
Ioncam	2,919	22,585
Costais	(13,910)	(16,959)
(Easnamh)/Barrachas Oibriúcháin	(10,991)	5,626
Íocaíocht OSP	-	-
(Easnamh)/Barrachas Glan	(10,991)	5,626

Ár nDaoine

Tuigeann Bus Átha Cliath gurb iad na daoine an tsócmhainn is mó atá againn. Táimid tiomanta do thacaíocht a thabhairt dóibh i dtaobh cur lena gcuid eolais agus scileanna chun seirbhís atá ag síorathrú a choinneáil ar bun dár gcustaiméirí agus dár gcomhghleacaithe.

Mar thosaíocht, teastaíonn uainn go mbraithfidh ár bhfostaithe go dtuigimid a bhfiúntas, go dtacaítear leo agus go bhfuil meas orthu ag an obair, agus tá réimse beartas agus tionscnamh againn chun tacú leo agus chun cabhrú lena bhforbairt. Táimid meáite ar phrionsabail an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a chomhlíonadh agus is mór againn ár gcultúr bainistíochta atá oscailte, aireach agus freagrúil dár bhfostaithe agus dár gcustaiméirí.

Dea-fhostóir

Is é ár gcuspóir a bheith inár Rogha Fostóra trí thacú le sláinte agus folláine ár bhfostaithe – dream éagsúil, tréitheach – ionas gur féidir leo lán a gcumas a bhaint amach i dtimpeallacht neamh-idirdhealaitheach ina ndéantar gach duine a chuimsiú, ina léirítear meas orthu agus ina gcaítear leo le dínit. Táimid dírithe ar ár gcultúr san ionad oibre a chothú agus a fheabhsú go leanúnach.

Leagann Bus Átha Cliath béim mhór ar an gcumarsáid inmheánach agus ar rannpháirtíocht fostaithe. Trí chomhoibriú ar fud ranna agus trí phróisis a fhorbairt is féidir linn dúshlán a shárú ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Ó thosaigh an phaindeim COVID-19 baineann tábhacht ollmhór leis an gcumarsáid inmheánach agus infheistíodh acmhainní chun cumarsáid a dhéanamh leis na fostaithe go léir, faoi stiúir na foirne ardcheannaireachta. Tá an cumarsáid tábhachtach i ngach gné den obair ach tá cumarsáid inmheánach láidir riachtanach chun rannpháirtíocht ar fud na cuideachta a chinntiú agus chun cultúr agus luachanna na heagraíochta a chur chun cinn, an gnó féin a chur chun cinn, tionscnaimh dhearfacha a fhorbairt don chuideachta agus oibríochtaí foriomlána a threorú.

Tá réimse acmhainní i bhfeidhm againn mar chuid dár bpleananna chun fostaithe a fhorbairt. Soláthraimid clár meantóireachta agus Scéim Tacaíochta Oideachais d'fhostaithe. Cuirtear oiliúint ardchaighdeán ar ár dtiománaithe bus, san ionad oiliúna den scoth atá againn i mBaile Phib, Baile Átha Cliath 7. In 2020, chuir deichniúr printiseach nua tús lena n-oiliúint sa chéad bhliain agus cháiligh deichniúr eile tar éis dóibh ceithre bliana oibre a dhéanamh. Faoin scéim *Earn as you Learn* atá againn, spreagtar daoine óga chun iarratas a dhéanamh ar bheith ina meicneoirí tromfheithiclí leis an

gcuideachta. Is féidir le duine ar bith atá sé bliana déag d'aois nó os a chionn iarratas a chur isteach ach critéir áirithe oideachais a chomhlíonadh.

Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá Bus Átha Cliath ar cheann de phríomhfhostóirí na tíre, agus 3,573 duine fostaithe againn. Déanaimid ionadaíocht ar Bhaile Átha Cliath agus ar an tsochaí chomhaimseartha le fórsa saothair éagsúil ina gcuirtear fáilte roimh dhaoine a bhfuil eitneachas, reiligiúin, aoiseanna agus cumais éagsúla acu. Léiríonn ár mBeartas Éagsúlachta agus Cuimsithe tiomantas leanúnach Bhus Átha Cliath do chomhionannas, éagsúlacht agus neamh-idirdhealú d'fhostaithe, do chustaiméirí agus don phobal i gcoitinne.

Tá daoine as 73 tír sa lucht saothair againn, agus is léargas é sin ar éagsúlacht na bpobal a ndéanaimid freastal orthu. Déanaimid ár ndícheall beartais chuimsithe a fhorbairt, amhail an Beartas um Aistriú Inscne, a bhfuil gradam bronnta orainn ina leith, agus oiliúint faoi chomhionannas agus éagsúlacht a sholáthar do na fostaithe.

In 2019, rinneamar EY a choimisiúnú chun anailís a dhéanamh ar an mBearna Phá idir Mná agus Fir. Mar a sonraíodh sna torthaí, níl dóthain ban ag obair i mBus Átha Cliath – is mná iad 7% de na fostaithe iomlána agus 35% de na tiománaithe bus. Tá Bus Átha Cliath tiomanta do dhul i ngleic leis an éagothroime sin sa chuideachta. Mar chuid den phlean gníomhaíochta in 2019, reáchtáil an chuideachta sraith laethanta oscailte ag ar tugadh cuireadh chuig an Ionad Oiliúna do mhná ar spéis leo a bheith ag obair linn. Tugadh an deis dóibh bus a thiomáint agus bualadh le tiománaithe agus cigirí mná eile. Is é an cuspóir fadtéarmach atá leis an mbeart sin líon na dtiománaithe mná a dhúbailt. Cé gurbh éigean na himeachtaí sin a chur ar fionraí mar gheall ar COVID-19, idir Lúnasa 2019 agus Nollaig 2020 tháinig méadú 40% ar líon na dtiománaithe mná i mBus Átha Cliath, agus bhí 70% de na fostaithe nua sin tar éis freastal ar lá oscailte. Díreofar air sin inár bplean gníomhaíochta i gcomhair 2021.

Bhí Bród 2020 difriúil freisin do Bhus Átha Cliath agus do chathair Bhaile Átha Cliath. Níor tharla an ócáid mhór seo i mbliana. Mar sin féin, dhíríomar ar ár gcuspóirí rannpháirtíochta pobail agus chuamar i gcomhpháirtíocht le BeLonG To agus chuireamar chun cinn seirbhísí tacaíochta an charthanais do dhaoine óga leis an mana 'Growing up LGBTI isn't all rainbows'. Tháinig méadú os cionn 200% ar líon na ndaoine a bhain úsáid as a gcuid seirbhísí rithabhachtacha.



Rinneamar ceiliúradh agus aitheantas freisin ar ár bhfórsa saothair éagsúil agus ar iarrachtaí na bhfostaithe i mbliana an chathair a choinneáil ag gluaiseacht agus a chinntiú go bhfuil oibrithe túslíne eile in ann dul ag an obair agus abhaile slán sábháilte trí rapar nua a chur ar bhus ar a bhfuil bratacha na dtíortha uile a dtagann fostaithe Bus Átha Cliath astu. Léirítear leis sin an cur chun cinn leanúnach a dhéanaimid ar an éagsúlacht agus an cuimsiú agus an tacaíocht a dtugaimid dóibh.



Folláine na bhfostaithe

Mar gheall ar COVID-19, táthar ag díriú ar aire a thabhairt dúinn féin, idir shláinte choirp agus mheabhairshláinte. Aithníonn Bus Átha Cliath an méid sin agus tacaíonn sé leis an tábhacht a bhaineann le meas a bheith againn ar gach duine dár bhfostaithe. Cuimsítear leis sin a meabhairshláinte, a sláinte choirp, cúrsaí cothaithe, a sábháilteacht agus a bhfolláine fhoriomlán san ionad oibre agus sa bhaile.

I mí na Bealtaine 2020, sheol an Rannóg Acmhainní Daonna DBWellbeing, suíomh gréasáin idirghníomhach nua, chun tacaíocht, oideachas agus faisnéis a sholáthar dár bhfostaithe ar ábhair éagsúla chun tacú lena sláinte agus lena bhfolláine iomlán. I measc na n-ábhar tá meabhairshláinte, sláinte choirp, cothú, stíl mhaireachtála, sláinte shóisialta agus an obair.

Tá foireann sheachtrach de ghairmithe cáilithe a bhfuil taithí acu sa réimse sin ag cuidiú linn le DBWellbeing, dream ón earnáil sláinte agus folláine, lena n-áirítear daoine a bhíonn ag plé le meabhairshláinte, sláinte choirp agus cothú. Chomh maith leis sin cuirimid faisnéis ar fáil maidir le tionscnaimh agus feachtais folláine inmheánacha éagsúla. Coinnítear cothrom le dáta an fhaisnéis ar an suíomh agus cuirtear ar a súile d'fhostaithe í trí Yammer. Díreofar go mór air sin inár bplean gníomhaíochta in 2021.

Leanfaimid orainn ag cur lenár gClár Cúnaimh d'Fhostaithe, clár seanbhunaithe faoina soláthraítear seirbhís neamhspleách comhairleoireachta chun cabhrú le fostaithe fadhbanna pearsanta agus fadhbanna a bhaineann leis an obair a réiteach, ar cinn iad a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar fholláine agus ar fheidhmíocht ag an obair.

Beathaisnéisí na Foirne Ardcheannaireachta



Ray Coyne

Thosaigh Ray Coyne ag obair le Bus Átha Cliath in 1991 agus tá eolas mionsonraithe aige ar oibríochtaí an tionscail gnó agus iompair de bharr róil shinsearach a bhí aige ag plé le hOibríochtaí, Forbairt Gnó agus Acmhainní Daonna. Bhí athruithe móra ar an ngréasán iompair faoina stiúir le deich mbliana anuas, faoinar cuireadh cláir chasta bainistíochta athraithe i bhfeidhm laistigh den ghnó agus sa tionscal. Mar gheall go bhfuiltear ag díriú go leanúnach ar bhainistíocht costas agus ar cháilíocht seirbhíse, cuireadh feabhas, bliain i ndiaidh bliana, ar ioncam, ar fheidhmíocht i leith custaiméirí agus ar éifeachtúlacht.

Tá Ray ina bhall de Choiste AE UITP, tá diplóma aige i Stiúradh Cuideachtaí ón Institiúid Stiúrthóirí, agus is céimí é de chuid Scoil Smurfit UCD (MBA) agus Scoil Ghnó Harvard (PLDA).

Ceapadh Ray ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin i mí Iúil 2015.



Andrea Keane

Is í Andrea Keane Príomhoifigeach Airgeadais agus Rúnaí Cuideachta Bhus Átha Cliath. Thosaigh sí ag obair leis an gcuideachta i mí Mheán Fómhair 2016. Bhíodh Andrea ag obair roimhe seo mar Phríomhoifigeach Airgeadais agus Rúnaí Cuideachta le Bus Éireann.

Sa ról atá aici faoi láthair, is í Andrea atá freagrach as cúrsaí airgeadais sa chuideachta, agus ina cáil mar Rúnaí Cuideachta is ise atá freagrach as comhairle a chur ar an mBord, tríd an gCathaoirleach, ar cheisteanna rialachais. Is comhalta d'Institiúid Cairte na gCuntasóirí Bainistíochta í Andrea. Roimhe seo, bhíodh sí ag obair mar Bhainisteoir na gCuntas Bainistíochta in Iarnród Éireann, agus tá tréimhsí caite aici freisin ag obair i réimse na Cuntasáíochta Airgeadais agus réimse na Bainistíochta san earnáil phríobháideach.



Phil Donohue

Ceapadh Phil Donohue ina Cheann Acmhainní Daonna agus Forbartha in 2010. Roimhe sin bhí sé ina Bhainisteoir um Chaidreamh le Fostaithe. Sa phost ina bhfuil sé faoi láthair tá sé freagrach as an bhfeidhm Acmhainní Daonna a threorú agus a bhainistiú agus as cruthú, cur chun feidhme agus cothú na straitéise foriomláine acmhainní daonna a mbaineann an-tábhacht léi i dtaobh a chinntiú go gcoinneofar sna blianta atá romhainn leis an rath atá ar Bhus Átha Cliath.

Thosaigh Phil ag obair le Bus Átha Cliath in 1984 agus bhí poist oibríochtúla éagsúla aige, lena n-áirítear post an Bhainisteora Rannáin i limistéar an iarthair, limistéar an iarthuaiscirt agus limistéar an deiscirt.





Sorin Costica

Ceapadh Sorin Costica ina Cheann Oibríochtaí i mí Lúnasa 2020. Tá sé freagrach as an bhfeidhm Oibríochtaí a threorú, a bhainistiú agus a fhorbairt agus as straitéis fhoriomlán a cheapadh agus a chur i bhfeidhm maidir le hoibríochtaí paisinéirí bóthair. Thosaigh sé le Bus Átha Cliath in 2001 agus bhí sé ag obair i ról éagsúla oibríochta lena n-áirítear Riarthóir Iosta in Iosta na Rinne agus Bainisteoir Oibríochtaí Ceantair sa Lárionad Rialaithe sa Chloch Leathan.

Tá Diplóma sa Bhainistíocht Iompair ag Sorin ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Diplóma sa Teicneolaíocht Faisnéise ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



Frank Kerr

Ceapadh Frank Kerr ina Phríomhinnealtóir le Bus Átha Cliath i mí na Nollag 2018. Sa ról sin, tá sé freagrach as cothabháil agus feidhmíocht theicniúil an fhliú feithiclí. Sa ról a bhí aige roimhe seo, bhí sé ina Innealtóir Sinsearach i Roinn an Phríomhinnealtóra agus ina Bhainisteoir Cothabhála sa Rinn.

Roimhe sin, bhí sé ina Bhainisteoir Cothabhála le CIÉ i gCorcaigh agus é freagrach as cothabháil busanna agus feithiclí lasta bóthair i ndeisceart na tíre.

Tá céim Bhaitsiléara san Innealtóireacht Mheicniúil ag Frank ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus tá sé ina chomhalta d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann.



Ciarán Rogan

Thosaigh Ciarán Rogan ag obair le Bus Átha Cliath in 2017 mar Cheann na Forbartha Tráchtála agus Gnó. Tá sé freagrach sa ról sin as cáilíocht agus as eispéireas na gcustaiméirí; feidhmíocht tráchtála agus forbairt ghnó; margaíocht, cumarsáid agus gnóthaí poiblí; gnóthaí rialála; faisnéis do chustaiméirí agus gníomhaíocht dhigiteach.

Tá an-taithí ag Ciarán ar an iompar poiblí óna chuid oibre le Translink i dTuaisceart Éireann agus tríd an gCumann Idirnáisiúnta Iompair Phoiblí. Bhíodh sé ag obair freisin in earnálacha an ardoideachais, na turasóireachta, an agraibhia agus an chomhairliúcháin.

Tá céim bainte amach ag Ciarán ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus tá cáilíochtaí iarchéime aige ón Université Catholique de Louvain agus ó Ollscoil Uladh.





Directors' Biographies



Ultan Courtney *Cathaoirleach*

Ceapadh Ultan Courtney ina chomhalta de Bhord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2014. Tá an-taithí aige ar a bheith ag obair sa réimse Acmhainní Daonna agus Caidrimh Thionsclaíoch. Tá sé ag obair mar Stiúrthóir Bainistíochta ar a ghnó comhairleoireachta féin agus roimhe sin bhí sé ag obair le C&C Group Plc, Superquinn, Waterford Foods agus IBEC. Bhronn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath Céim san Eacnamaíocht ar Ultan agus tá roinnt cáilíochtaí aige i réimse an dlí fostaíochta, na hidirghabhála, an eadráin agus an rialachais dlí chorparáidigh.



Lynda Carroll

Ceapadh Lynda Carroll ar bhord Bhus Átha Cliath ar 5 Aibreán 2019. Tá níos mó ná 30 bliain taithí ag Lynda sna seirbhísí airgeadais ag leibhéal Bhoird agus Fheidhmeannaigh Shinsearaigh san earnáil poiblí agus san earnáil príobháideach. Bhí sí ina Stiúrthóir Bainistíochta ar De Lage Landen Ireland, Leasuachtarán Global Structured Finance Europe, Ceannasaí Banc Ceannais na hÉireann maoirseoir stuamachta ar cheann de phríomhbhainc na hÉireann agus Ceannasaí ar Leithdháileadh Caipitil agus Praghsáil Bunaithe ar Riosca ag Bainc-Aontas Éireann plc. Tá céim Máistir Ealaíon aici ón Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus is Cuntasóir Cairte agus Comhairleoir Cánach Cairte í. Tá Diplóma Cuntasóirí Cairte na hÉireann sa Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais aici agus Diplóma i Rialachas Corparáideach ó Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit aici. Is comhalta de Bhord Gobharnóirí agus Caomhnóirí Gailearaí Náisiúnta na hÉireann í, agus na boird a leanann: Diversified Notes plc, UniCredit Bank Ireland plc, National Bank of Canada Global Finance Limited, The Ark, Cuideachta Ionad Cultúrtha Páistí agus European Movement Ireland. Tá sí anois ag obair mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách sna seirbhísí airgeadais, earnáil stáit agus deonach.



Stephen Hannan

Ceapadh Stephen Hannan ina chomhalta de bhord Bus Átha Cliath i mí na Nollag 2017 tar éis gur toghadh é ina chomhalta de Bhord CIÉ faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Tiománaí bus is ea é i lósta na Rinne. Tá sé ina bhall de SIPTU agus bhí réimse leathan post aige sa cheardchumann sin le beagnach 30 bliain anuas. Is Uachtarán ar Choiste na dTiománaithe Bus é Stephen, ina Leas-chathaoirleach ar Choiste na hEarnála Iompair, ina chomhalta den Choiste Rannán, agus is ionadaí iosta é.



Elaine Howley

Ceapadh Elaine Howley ar bhord Bus Átha Cliath i mí Lúnasa 2018. Tá a lán taithí ag Elaine ar oibriú ar son chearta agus rannpháirteachas iomlán daoine faoi mhíchu-mais. Tá spéis ar leith aici in iompar poiblí agus rochtain ar sheirbhísí, ar fhaisnéis agus ar áiteanna poiblí. Tá sí i gceannas ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumais le breis agus 25 bliana anuas. Ba Elaine an chéad Oifigeach Idirchaidrimh do mhic léinn faoi mhíchumais agus bhí sí ina ball bunaidh den Chumann um Rochtain ar Ardoideachas agus Míchumas, AHEAD. Bhí Elaine ina Stiúrthóir Abhcóideachta agus Beartais le Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill, NCBI agus ina POF ar Sheirbhísí NCBI. Tá Elaine ina comhordaitheoir ar Líonra Lagamhairc Aontas na nDall san Eoraip. San áireamh leis an obair abhcóideachta a rinne Elaine bhí feachtais idirnáisiúnta amhail an feachtas chun Conradh Marrakech a dhaingniú agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, UNCPRD. Tá céim Mháistir in Obair Shóisialta ag Elaine, mar aon le Cáilíocht Náisiúnta in Obair Shóisialta agus Ard-Diplóma i dTeiripe Shistéamach do Theaghlaigh. Tá Elaine ina ball d'Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn agus tá Diplóma Gairmiúil aici i Stiúradh Cuideachtaí, Cearta Daonna agus Comhionannas.



Siobhán Madden

Ceapadh Siobhán Madden ina comhalta de bhord Bus Átha Cliath i mí an Mheithimh 2015. Is comhairleoir dlí agus atur nae í Siobhán a bhí ag obair le blianta fada in earnáil idirnáisiúnta na n-aerárthaí ar léas, san Ionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta (IFSC) i mBaile Átha Cliath den chuid is mó. Tá sainspéis aici i seirbhísí airgeadais, sa rialachas corparáideach agus sa dlí a bhaineann le trealamh eitlíochta agus trealamh iompair shoghluaiste eile. Ina theannta sin is comhairleoir cánach Siobhán, comhalta de Bharra Nua-Eabhrac, agus comhalta den Chumann Barra Idirnáisiúnta. Bhí sí i mbun staidéir i gColáiste na Tríonóide, bhí sí ina chomhpháirtí ar feadh 15 bliana i ngnólacht dlí mór le rá i mBaile Átha Cliath, agus tá taithí idirnáisiúnta aici de bharr na dtréimhsí atá caite aici ag obair i mBaile Átha Cliath, i Nua Eabhrac agus sa Fhrainc do chuideachtaí móra idirnáisiúnta.



Joe Quinn

Ceapadh Joe Quinn ina chomhalta de bhord Bus Átha Cliath i mí an Mheithimh 2015. Tá Joe ina Stiúrthóir Bainistíochta le RGP, gnólacht comhairliúcháin idirnáisiúnta a bhíonn i mbun sainchomhairliúcháin i dtaobh airgeadais, rialachais, rioscaí agus comhlíonta. Cuireadh oiliúint air mar Chuntasóir Cairte le EY agus bhí poist cheannaireachta airgeadais aige i roinnt cuideachtaí ilnáisiúnta, lena n-áirítear Guinness, Diageo agus Prudential. Bhí sé ina chomhalta Boird agus ina chathaoirleach ar an gCoiste Airgeadais agus Iniúchóireachta le Oxfam Ireland chomh maith. Tá Joe ina Chomhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus tá céim Bhaitsiléara sa Tráchtáil agus Diplóma iarchéime sa Chuntasaíocht Ghairmiúil aige ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.



Thomas O'Connor

Ceapadh Thomas O'Connor ina chomhalta de bhord Bus Átha Cliath i mí na Nollag 2013 tar éis gur toghadh é ina chomhalta de Bhord ClÉ faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Oibríonn sé mar thiománaí bus in Iosta na Rinne. Tá sé i gCeardchumann Náisiúnta na nOibrithe Bus agus Iarnróid, tá sé ina chomhalta den Fheidhmeannas Náisiúnta agus d'fhóin sé mar Rúnaí Craoibhe Bhaile Átha Cliath ó 2010 i leith. Bhíodh sé ag obair roimhe seo sa tionscal leictreachais agus comharthaí.



Keith Wallace

Ceapadh Keith Wallace ar bhord Bhus Átha Cliath ar 5 Aibreán 2019. Tá réimse leathan taithí ag Keith sa ghort iompair poiblí agus dúil ar leith aige i dea-rialachas corparáideach. Is Stiúrthóir é ar a ghnó sainchomhairleoireachta féin, agus bhí post sinsearach feidhmiúcháin aige in Caledonian Sleeper, Govia Thameslink Railway agus Scott Wilson roimhe. Bhí sé ag obair i ról neamhfheidhmiúcháin ar roinnt bord chomh maith agus tá sé ina Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ag Scottish Autism faoi láthair. Tá céim aige san innealtóireacht shibhialta ó Ollscoil Heriot-Watt Dhún Éideann agus is Innealtóir Cairte agus Stiúrthóir Cairte é.



Rachel Widdis

Ceapadh an Dr Rachel Widdis ar bhord Bhus Átha Cliath i mí Aibreáin 2019. Is Ollamh Taca Cúnta Rachel ag teagasc Gnó agus Cearta Daonna i Scoil Dlí Coláiste na Tríonóide, agus is comhairleoir í. Bhí poist aici roimhe seo in Airgeadas Structúrtha i ABN-AMRO Lucsamburg, EMEA Business Development i bPáras agus mar Anailísí Airgeadais i Citigroup i Londain. Tá céimeanna Máistrí aici sa Ghnó agus sa Dlí. Baineann PhD saici le freagrachtaí gnó i dtaca le haird a thabhairt ar chearta daonna. Cuimsíonn gníomhaíocht taighde agus comhairleoireachta Rachel rialachas corparáideach inbhuanaithe agus cearta an duine agus dícheall cuí comhshaoil. D'obair sí ar roinnt bord deonach agus coistí oideachais, cultúir agus spóirt.

Stiúrthóirí Agus Faisnéis Eile

Stiúrthóirí amhail an 7 Aibreán 2021

An tUasal U. Courtney (Cathaoirleach)

L. Carroll Uasal

An tUasal S. Hannan

E. Howley Uasal

S. Madden Uasal

An tUasal T. O'Connor

An tUasal J. Quinn

An tUasal K. Wallace

R. Widdis Uasal

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

An tUasal R. Coyne

Rúnaí

A. Keane Uasal

Oifig Chláraithe:

Bus Átha Cliath
59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

Teileafón: +353 1 872 0000

Suíomh Gréasáin: www.dublinbus.ie

Uimhir Chláraithe: 119569

Cuideachta faoi theorainn scaireanna atá cláraithe mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014

Iníúcháirí Neamhspleácha

Mazars
Seirbhísí Iníúchta agus Dearbhaithe
Bloc 3 Ionad Fearchair
Bóthar Fearchair
Baile Átha Cliath 2

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá a dtuarascáil bhliantúil á cur i láthair ag na stiúrthóirí de réir a n-oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí 2014, faoin Acht Iompair 1950 agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú) 1986, i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2020.

Ráiteas Comhlíontachta na Stiúrthóirí

Chun críocha alt 225 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ('an tAcht'), déanaimidne, na stiúrthóirí, an méid seo a leanas:

1. Admhaímid go bhfullimid freagrach as a chinntiú go bhfuil an chuideachta ag comhlíonadh a cuid oibleagáidí cuí mar atá sainithe in alt 225 (1) den Acht ('na hoibleagáidí cuí'); agus
2. Deimhnímid:
 - (i) gur ullmhaíodh ráiteas comhlíontachta (mar a mhínítear in alt 225 (3) (a) den Acht) ina leagtar amach beartais na cuideachta (a mheasaimid atá oiriúnach don chuideachta) maidir le comhlíonadh a cuid oibleagáidí cuí ag an gCuideachta;
 - (ii) gur cuireadh i bhfeidhm socruithe cuí nó struchtúir chuí, a mheasaimid atá ceaptha lena chinntiú go gcomhlíonfar go hábhartha oibleagáidí cuí na Cuideachta; agus
 - (iii) go ndearnadh athbhreithniú ar na socruithe nó na struchtúir dá dtagraítear i mír (ii) thuas le linn na bliana airgeadais lena mbaineann an tuarascáil seo.

Thug Bus Átha Cliath agus cuideachtaí eile de chuid Ghrúpa CIÉ faoi phróiseas mionsonraithe ionas go mbeidís ag cloí go hiomlán le ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014 i ndáil le Ráitis Chomhlíontachta Stiúrthóirí. Cuireadh athbhreithniú i gcrích ionas go bhféadfaí an dearbhú sin a thabhairt. Choimisiúnaigh Grúpa CIÉ an t-athbhreithniú sin thar ceann na gcuideachtaí oibríoch go léir atá i nGrúpa CIÉ agus is é Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí Ghrúpa CIÉ a bhí ina bhun. Cuireadh tuarascáil chuimsitheach faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca Bhus Átha Cliath agus rinne an Coiste sin athbhreithniú mionsonraithe air. Dearbhaíodh sa tuarascáil go raibh Bus Átha Cliath ag cloí go hiomlán leis na ceanglais a bhaineann le Ráitis Chomhlíontachta Stiúrthóirí.

Taifid chuntasaíochta

Is iad na bearta atá glactha ag na stiúrthóirí d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfar oibleagáid na cuideachta i dtaobh leabhair chuntais chuí a choimeád de réir Alt 281 go dtí 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 ná córais agus nósanna imeachta cuí a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Tá na taifid chuntasaíochta á gcoimeád ag Bus Átha Cliath, 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

Scairchaipiteal

Tá sonraí i dtaobh scairchaipiteal na cuideachta leagtha amach i nóta 18. Ní raibh aon ghluaiseachtaí sa scairchaipiteal i rith na bliana.

Níl fochuideachta ar bith ag an gcuideachta ná infheistíocht ar bith i gcuideachtaí eile agus sin mar a bhí amhlaidh na bhliain roimhe sin.

Cruinnithe na scairshealbhóirí

Déantar cruinniú ginearálta bliantúil na cuideachta a thionól uair amháin gach bliain féilire cibé tráth (nach faide ná cúig mhí dhéag tar éis an chruinnithe ghinearálta bhliantúil roimhe sin) agus cibé áit a leagfaidh na stiúrthóirí síos. Féadfaidh na stiúrthóirí cruinniú ginearálta urghnách den chuideachta a thionól aon uair a mheasann siad gur cuí sin nó ar iarraidh ó Chóras Iompair Éireann.

Gnóthas leantach

Leanann éifeacht dhiúltach eacnamaíoch ar eacnamaíocht na hÉireann ag éirí as COVID-19. Tá laghdú ioncaim sna gnóanna Tráchtála agus OSP mar thoradh ar seo. Baineann an príomhthionchar ar Bhus Átha Cliath le laghdú suntasach ar thurais phaisinéirí.

Tá measúnú mionsonraithe ar éifeachtaí COVID-19 ar fud an Ghrúpa críochnaithe. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhchinnteachtaí atá roimh Bhus Átha Cliath mar a leanas:

- Meastar anois go dtabhóidh an chuideachta cailleanas dá gnó Tráchtála i 2021
- Táthar ag súil go leanfaidh laghdú suntasach ar ioncam an OSP i 2021 agus méadóidh sé an leibhéal maoinithe a theastaíonn ón NTA ón Stáitchiste.

- D'aistrigh an Chuideachta go conradh ollchostas ón 1 Eanáir 2021. Faoin gconradh seo is ar an NTA atá an fhreagracht as ioncam agus déantar an chuideachta a chúiteamh as caiteachas agus brabús réasúnach de réir fhorálacha an chonartha.

Rinne na Stiúrthóirí miomhacnamh ar nádúr na ceisteanna roimh an chuideachta nuair a rinne siad macnamh ar cé chomh cuí agus a bhí sé na ráitis airgeadais do 2020 a ullmhú ar bhun gnóthais leantaigh. Tá ionchas réasúnach ag Stiúrthóirí Bus Éireann go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh 12 mhí ar a laghad ó dháta formheasa na ráiteas airgeadais seo agus measann siad gur iomchuí bunús an ghnóthais leantaigh a ghlacadh agus an ráitis airgeadais. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhéiginnteachtaí atá roimh Bus Átha Cliath mar a leanas:

Seirbhísí tráchtála

Cuireadh seirbhísí tráchtála ar fionraí i mí Aibreáin 2020 mar gheall ar Phaindéim COVID-19. Thabhaigh an gnóthas cailteanas in 2020 agus meastar go dtabhóidh sé cailteanas beag i 2021. Íoslachdaíonn bearta mar ath-implonú foirne agus bearta eile chun costais a laghdú na costais leanúnacha a thabhófar sna gníomhaíochtaí seo agus coimeádfaidh siad cumais mheántéarmacha chun na gnóthais seo a oibriú go brabúsach sa todhchaí.

. Leanann foireann bheag ag obair ar dheiseanna sa todhchaí do Sheirbhísí Tráchtála de réir mar a thagann feabhas ar an gcomhshaol. Ach rinne gníomhaíochtaí tapa an bhoird agus an bhainistíocht na cailteanais sna Seirbhísí Tráchtála a íoslachdú. Tá na stiúrthóirí sásta, tar éis macnamh a bheith déanta ar mhionchásanna agus ar mhionmheasacháin, go bhfuil an candaim cailteanais inbhaunaithe agus go bhfuil go leor acmhainní ag an chuideachta na cailteanais seo a mhaoiniú.

Seirbhísí OSP

Le linn 2020 d'oibrigh an chuideachta faoi chonradh glanchostais agus d'aistrigh sí go conradh ollchostas ón 1 Eanáir 2021. Faoin gconradh comhlán costas, aistríonn freagracht ioncaim as seirbhísí OSP chuig an NTA.

Lean Bus Éireann ar aghaidh ag oibriú seirbhísí OSP de réir an Chonartha Dámhachtana Díreach le linn 2020. Maoiníodh an chuideachta go hiomlán in 2020 faoin gconradh agus ba mhaith leis na stiúrthóirí aitheantas a thabhairt don tacaíocht mhaoinithe státchiste breise a fuarthas ón NTA agus ón Státchiste le linn 2020 a chuir ar chumas oibriú leanúnach seirbhísí riachtanacha iompair phoiblí.

In 2021, tá an chuideachta ag feidhmiú faoi chonradh comhlán costas agus tá an NTA anois freagrach as ioncam. Dheimhnigh an NTA go bhfuil sé ar intinn aici maoiniú a sholáthar i gcomhréir leis an gconradh i 2021.

Phléigh an Bord réimse cásanna leis an candam maoiniúcháin gur dócha a bheidh riachtanach i 2021 agus 2022 a thuiscint.

Ba phríomhghné í macnamh ar an tuairim go bhféadfai maoiniú OSP ag leibhéal cuí a sholáthair i 2021 agus 2022 i measúnacht an Bhoird ar stad airgeadais na chuideachta. Tá an Bord sásta:

- go bhfanann sé mar chuspóir ag an NTA Bus Átha Cliath a mhaoiniú le ligean do Seirbhísí OSP a oibriú de réir an chonartha POS;
- gur lig mionphleanáil cás do sholáthar measúnuithe réasúnta ar leibéil maoinithe riachtanach;
- go raibh soláthar dóthanach san áireamh le Conarthaí OSP Bus Átha Cliath a mhaoiniú i mbuiséad 2021 an Stáitchiste;
- go gheobhaidh an NTA go leor maoiniú ón Státchiste leis an gConradh OSP Bus Átha Cliath a mhaoiniú i 2021 agus 2022.

Tá córas státchiste comhthiomsaithe i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ agus braitheann Bus Átha Cliath ar áiseann bainc an Ghrúpa lena oibríochtaí a bahinsitiú de réir an plean gnó faofa. Tá tacaíocht leanúnach CIÉ do Bus Átha Cliath léirithe sa Litir Thacaíochta ó CIÉ go Bus Átha Cliath arna dhátú 7 Aibreán 2020.

Tá níos mó sonraí leagtha amach i Nóta 2 de na ráitis airgeadais.

Tuarascáil na Stiúrthóirí – ar lean

Príomhghníomhaíochtaí agus athbhreithniú airgeadais

Is é príomhghníomhaíocht na cuideachta seirbhís chuimsitheach bus a sholáthar do chathair Bhaile Átha Cliath agus don cheantar máguaird.

Is ag Córas Iompair Éireann (CIÉ), comhlacht reachtúil atá ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus a thuairiscíonn don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, atá 100% de scairchaipiteal eisithe na cuideachta.

Tháinig laghdú 52% ar an ioncam oibriúcháin iomlán go dtí €125.1 milliún in 2020 ó €263.3 milliún an bhliain roimhe sin. Thit éileamh ó phaisinéirí go suntasach i rith 2020 le 69 milliún turas paisinéara, a léirigh laghdú 51% ar thurais 2019. aigh éigeandáil sláinte poiblí COVID-19 i bhfeidhm go mór ar gach gné den ghnó le linn 2020.

Lean Bus Éireann ar aghaidh ag oibriú seirbhísí OSP de réir an Chonartha Dámhachtana Díreach le linn 2020. In 2020 d'oibrigh an chuideachta faoi chonradh glanchostais agus maoiníodh go hiomlán í faoin gconradh PSO. Maoiníodh an chuideachta go hiomlán in 2020 faoin gconradh agus ba mhaith leis na stiúrthóirí aitheantas a thabhairt don tacaíocht mhaoinithe státchiste breise a fuarthas ón NTA agus ón Státchiste le linn 2020 a chuir ar chumas oibriú leanúnach seirbhísí riachtanacha iompair phoiblí.

Ghnóthaigh an chuideachta barrachas de €1.1 milliún chun seirbhísí OSP a oibriú. Lean an chuideachta ar aghaidh ag plé go mion leis na páirtithe leasmhara go léir le linn 2020 maidir le toradh iomchuí ar sheirbhísí OSP. D'aithin an chuideachta an maoiniú breise suntasach a sholáthraíonn an NTA agus an Státchiste trí na Scéimeanna Fóirdheontais Pá lena chinntiú go bhfanadh an chuideachta in ann seirbhísí iompair riachtanacha a sholáthar dár gcustaiméirí.

Tá an bord aireach ar an ngá lena chinntiú go bhfanann an chuideachta i riocht airgeadais cobhsaí agus go bhfanann sí i riocht maith chun freastal ar riachtanais iompair an phobail. Tá an chuideachta tiomanta i gcónaí ár dtairiscint luach ar airgead a fheabhsú agus éifeachtúlachtaí costais a sheachadadh ar fud na gcatagóirí caiteachais go léir.

Cuireadh Seirbhísí Tráchtála ar fionraí in Aibreán 2020 mar gheall ar an bpaindéim COVID-19. Thabhaigh an gnóthas cailleanas de €11.0 milliún in 2020 agus meastar go dtabhóidh sé cailleanas i 2021. Tá gníomhaíocht sciobtha ag an mbord agus ag an

mbainistíocht tar éis cailleanais laistigh den roinn Seirbhísí Tráchtála a íoslaghdú. Tar éis dóibh cásanna agus réamh-mheastacháin mhionsonraithe a mheas, tá na stiúrthóirí sásta go bhfuil méid na gcaillteanas thar an 12 mhí atá romhainn inbhuanaithe, agus tá dóthain acmhainní ag an gcuideachta chun na cailleanais sin a mhaoiniú. Leanann an bhainistíocht orthu ag athbhreithniú na roghanna go léir a d'fhéadfadh filleadh ar Sheirbhísí Tráchtála ar bhonn inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de; tá sé seo ag brath ar mhargaí turasóireachta agus fóillíochta a athoscailt. Ina theannta sin, tá an bhainistíocht ag athbhreithniú deiseanna tráchtála féideartha laistigh den réimse soghluaisteachta foriomlán.

Tá luach ghlansócmhainní na cuideachta laghdaithe ó €48.6 milliún in 2019 go dtí €38.8 milliún i 2020, laghdú de 20%. Fanann staid leachtachta dhearfach ag Bus Átha Cliath agus coibhneas 2.5 atá i gceist idir na sócmhainní reatha agus an dliteanas reatha.

Déanann na stiúrthóirí athbhreithniú ar na cuntais thréimhsiúla bhainistíochta agus airgeadais agus ar na príomhtháscairí feidhmíochta airgeadais agus neamhairgeadais agus na buiséid ag na cruinnithe atá ar sceideal bhord Bhus Átha Cliath.

Tá an chuideachta ag brath ar chistiú ón Údarás Náisiúnta Iompair chun seirbhísí iompair phoiblí a chur ar fáil atá inmhianaithe ón ngné shóisialta ach nach bhfuil tairbhe eacnamaíoch le baint astu.

Díbhinní

Níor íocadh ná níor fógraíodh aon díbhinní in 2020 ná in 2019.

Na príomhríoscaí agus an bhainistíocht riosca

Tá an chuideachta tiomanta do ríoscaí a bhainistiú ar bhealach córasach, smachtaithe. Aithnítear na príomhríoscaí atá le sárú ag an gcuideachta trí phróiseas bainistíochta riosca ar fud na cuideachta. Leis an gCreat Bainistíochta Riosca agus an Córas Faisnéise um Bainistíocht Riosca, is féidir tuairisciú i bhfíor-am a dhéanamh ar ríoscaí atá faoi réir measúnachta agus athbhreithnithe gach mí ag an lucht bainistíochta agus gach ráithe ag an mbord. Bhí córas i bhfeidhm i rith na bliana chun ríoscaí a chur in ord tosaíochta ar bhonn cuspóra, córas a dhíríonn aird an bhoird ar na ríoscaí arna n-aithint.

Téann CIÉ i mbun socruithe réamhcheannacháin breosla agus airgeadra nuair a bhreithníonn sé go bhfágann an cur chuige sin go bhfuil luach níos fearr agus riosca níos lú ann don ghrúpa. Is é CIÉ an contrapháirtí i leith na n-idirbheart sin.

Tá cúrsaí leachtachta á mbainistiú go cúramach ar bhonn Ghrúpa CIÉ, ag foireann ghairmiúil thiomanta a dhéanann comhordú ó lá go lá ar bhainistiú airgid agus cisteáin, mar aon le planáil bhliantúil agus ilbhliantúil agus cistiú corparáideach a fháil ó bhainc ar leor é ionas gur féidir le Grúpa CIÉ leanúint ar aghaidh ag feidhmiú.

Infheistíocht chaipitiúil

Leanadh le hinfeistíocht a dhéanamh chun seirbhísí a fheabhsú le cabhair ón Údarás Náisiúnta Iompair. Le linn 2020, leanadh leis an infheistíocht sna busanna agus ghlac Bus Átha Cliath le 24 bus nua a chuirfear in ionad seanfheithicilí agus a mbainfear leas astu freisin chun breis suíochán a cur ar fáil ar bhealaí éagsúla. Áiríodh leis an gcaiteachas suntasach eile cláir athchóirithe busanna d'fhonn cáilíocht agus iontaofacht na seirbhísí a chinntiú ar mhaithe leis na custaiméirí.

Caiteachas ar shainchomhairleoireacht

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, ceanglaítear go nochtfar sa Tuarascáil Bhliantúil sonraí faoin gcaiteachas ar shainchomhairleoirí/comhairleoirí seachtracha sa bhliain airgeadais. Ghlac an chuideachta an míniú seo a leanas ar an gcaiteachas ar shainchomhairleoireacht:

"Is é is sainchomhairleoireacht ann an cás ina bhfostaítear duine, eagraíocht nó grúpa chun seirbhísí intleachtúla nó seirbhísí eolais a sholáthar (mar shampla, anailís agus comhairle shaineolach) trí thuairiscí, staidéir, measúnuithe, moltaí, tograí etc. a sholáthar a chuidíonn le cinnteoireacht nó le ceapadh beartais in údarás conarthach. Ba cheart go bhfostófaí an duine nó na daoine ar feadh tréimhse ama theoranta chun cúram (nó sraith cúraimí) sonracha a bhfuil teorainn ama leis a chur i gcrích lena n-éilítear sainscileanna nó sainchumas nach mbeifí ag súil a bheadh ag daoine laistigh den údarás conarthach féin de ghnáth. Is é an fhaisnéis atá á lorg leis an nochtadh seo ná leibhéal an chaiteachais ar shainchomhairleoireacht a thabhaigh an comhlacht Stáit i rith na bliana airgeadais. Níl sé i gceist go n-áireofaí leis caiteachas ar phróisis ghnáthghnó a rinneadh a sheachfhoinsiú.

De réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, leagtar amach sa tábla thíos na costais chomhairliúcháin a thabhaigh an chuideachta in 2020 atá san áireamh sna hábhair agus seirbhísí (féach nóta 6):

Catagóir	2020 €000
An Chairt Custaiméirí	45
Caidreamh tionsclaíoch	3
Straitéis eagrúcháin	235
Cúrsaí Rialála	67
Sábháilteacht	26
Rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara	97

An bord

Is tríd an mbord stiúrthóirí atá an chuideachta á rialú. Thionóil an bord dhá chruinniú dhéag in 2020 (naoi gcinn in 2019) agus is ann do sceideal míreanna ar leith atá le ceadú aige.

Stiúrthóirí

Is é an tAire Iompair a cheapann stiúrthóirí na cuideachta. Seo thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ag feidhmiú mar stiúrthóirí i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2020 nó a ceapadh ó shin i leith. Mura luaitear a mhalairt, bhí siad ina stiúrthóirí ar feadh na tréimhse iomláine go dtí an dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo.

An tUasal U. Courtney (Cathaoirleach)

L. Carroll Uasal

An tUasal S. Hannan

E. Howley Uasal

S. Madden Uasal

An tUasal T. O'Connor

An tUasal J. Quinn

An tUasal K. Wallace

R. Widdis Uasal

Ní raibh leas ar bith ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí i scair ná bintiúr ar bith de chuid na cuideachta, dá cuideachta sealbhaíochta ná dá comhfhochuideachtaí tráth ar bith le linn na bliana.

Tuarascáil na Stiúrthóirí – ar lean

Ní raibh aon chonradh ná socrú a rinneadh i gcaitheamh na bliana ina raibh leas ábhartha ag stiúrthóirí i dtaca le gnó na cuideachta.

An Coiste Iniúcháireachta, Airgeadais agus Riosca

Amhail an 7 Aibreán 2021, tá na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas de chuid an Bhoird ar an gCoiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca (CIAR): L. Carroll Uasal (Cathaoirleach), An tUasal J. Quinn, S. Madden, Uasal, agus An tUasal K. Wallace. Tá an tUasal C. Maybury agus an tUasal K. Kelly ina gcomhaltaí seachtracha de CIAR.

Cé go bhfuil sé de dhualgas ar gach stiúrthóir gníomhú ar mhaithe leis an gcuideachta, tá ról ar leith ag an CIAR, ag gníomhú dó go neamhspleách ar an lucht feidhmiúcháin, lena chinntiú go ndéanfar leasanna na scairshealbhóirí a chosaint go cuí maidir leis an maoirseacht ar an tuairisciú airgeadais, ar an rialú inmheánach, ar an iniúcháireacht inmheánach agus sheachtrach, ar an mbainistíocht riosca agus ar an rialachas corparáideach.

I rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2020, rinne an coiste monatóireacht ar an bpróiseas buiséadach, agus choinnigh sé faoi athbhreithniú éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus córas bainistíochta riosca na Cuideachta. Go háirithe, rinne an coiste an méid seo a leanas:

- Bhí ról an-ghníomhach ag i stiúradh na cuideachta trí na dúshlán a bhaineann le paidéim COVID-19 trí threoir agus dúshlán cuiditheach a sholáthar i réimsí mar:
 - teacht chun cinn riosca nua a bhaineann le COVID-19 don Chlár Riosca,
 - athbhreithniú ar oiriúnacht toimhdí gnóthais leantaigh do 2019 agus 2020,
 - athbhreithniú ar Phleananna Leanúnachais Gnó agus ar bheartais Oibre cianda,
 - forbhreathnú ar phróisis soláthair le linn na paidéime,
 - maoirseacht ar bhainistíocht na cuideachta ar thacaíochtaí breise rialtais a bhaineann leis na Scéimeanna Fóirdheontais Pá,
 - sainnithint réimsí riosca tríú páirtí eile,
- i dteagmháil leis an iniúchóir seachtrach chun ceisteanna a chur chun a shásamh maidir lena neamhspleáchas,
- i dteagmháil leis an CFO agus leis an iniúchóir seachtrach chun a chinntiú go bhfuil na breithiúnais chuntasaíochta a chuirtear i bhfeidhm ar na ráitis airgeadais, lena n-áirítear oiriúnacht phrionsabal an ghnóthais leantaigh a chur i bhfeidhm agus tionchar airgeadais na paidéime COVID-19,
- fuair sé tuairiscí rialta maidir le forbairt an Chórais Comhtháite Ticéadaithe (ITS) agus chuaigh sé i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach Airgeadais faoi na bearta atá á gcur i gcrích chun sláine na foinsé ioncaim sin a chosaint. Go háirithe, rinne sé athbhreithniú ar na tuarascálacha ISAE 3402 a d'ullmhaigh Iniúchóirí an Údaráis Náisiúnta Iompair agus ar an tuarascáil mholtach um Rialú Úsáideoirí Deiridh ónár gcuid iniúchóirí féin,
- bhí plé príobháideach aige, gan an lucht bainistíochta i láthair, leis na hIniúchóirí Seachtracha lena chinntiú nach raibh aon ábhar imní i gceist agus chun eolas a chur ar cheisteanna a d'eascair as an iniúchadh a rinne siad.
- chuir sé in iúl go soiléir do na hiniúchóirí seachtracha go bhféadfaidh siad cruinniú leis an gcoiste a iarraidh tráth ar bith má mheasann siad go bhfuil ceann de dhíth chun mír nó míreanna ar leith a phlé.
- bhí plé príobháideach aige, gan an lucht bainistíochta i láthair, leis na hIniúchóirí Seachtracha lena chinntiú nach raibh aon ábhar ba chúis imní dóibh agus chun eolas a chur ar cheisteanna a d'eascair as an iniúchadh a rinne siad.
- bhuaill sé leis an Oifigeach Soláthair chun a bheith deimhin i dtaobh dhéine na mbeartas agus na nósanna imeachta a bhaineann le bainistíocht soláthair agus conarthaí.
- rinne sé athbhreithniú rialta ar thorthaí oibriúcháin na bliana 2020 agus rinne sé deimhin de réasúnacht Bhuiséad 2021.
- rinne sé monatóireacht ar chur chun feidhme na moltaí a eascraíonn as tuarascálacha Iniúcháireachta Inmheánaí.
- chuaigh sé i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach Airgeadais, ar a laghad dhá uair sa bhliain, chun ráiteas a fháil uaithi á dhearbhu nach eol di aon ábhar a bhaineann le calaois nár cuireadh ar a súile do chomhaltaí an choiste i ngnáthchúrsa an tuairiscithe don CIAR.

- rinne sé monatóireacht ar an gCóras Bainistíochta Riosca.
- chuaigh sé i gcomhairle leis an mBainisteoir Riosca ar bhonn rialta maidir leis na rioscaí agus na hábhair neamhchinnteachta móra a bhfuil tionchar acu ar an gcuideachta.
- teagmháil leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Bainisteoir Córais Ghnó agus Oifigeach Slándála Faisnéise ar bhonn rialta maidir le slándáil faisnéise, lena n-áirítear cibear-riosca
- chaith sé am agus aird nach beag ar thabhairt isteach na gceanglas atá leagtha síos faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 agus Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018 agus, go háirithe, rinne sé maoirseacht thar ceann an bhoird ar bhunú an Phróisis Dearbhaithe um Chomhlíontacht Stiúrthóirí,
- rinne sé monatóireacht ar chur chun feidhme bheartas na cuideachta i dtaobh Nochtadh Cosanta i gcásanna ina bhfuarthas gearáin;
- rinne sé athbhreithniú inmheánach ar fheidhmíocht an choiste i rith na bliana atá faoi chaibidil.
- rinne siad monatóireacht ar aistriú agus in oibríocht an Chonradh Dámhachtana Díri 2019 go Nollaig 2024 (DAC), agus rinne siad teagmháil le bainistíocht shinsearach faoi gach ghné airgeadais, oibríochtúil agus trádála den Chonradh Dámhachtana Díri nua tríd léirithe ó agus comhráite leis an chuideachta, a saineolaithe dlí agus saineolaithe seachtracha eile.
- rinne teagmháil leis an POF agus na hiniúcháirí seachtaracha ar cuir i bhfeidhm meastacháin agus tuiscintí cuntasáíochta criticiúla, a airíonn an tabhairt faoi cuntasáíochta curtha i bhfeidhm ag an chuideachta i dtaca le busanna Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a sholáthar an NTA faoi comhaontú léasa agus kuacháil na soláirtí do éilimh dliteanais tríú partí/fostóra.
- rinne sé monatóireacht agus athbhreithniú chomhlíonadh ceanglais na Rialachán um Chosaint Sonraí Ginearálta (GDPR).
- rinne an coiste faireachán agus athbhreithniú ar mheasúnú na cuideachta ar thionchar Brexit agus ar a cuid ullmhúcháin le haghaidh Brexit.
- rinne sé monatóireacht agus athbhreithniú ar chomhlíonadh déanta ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, agus
- chuaigh sé i gcomhairle leis an lucht bainistíochta i ndáil le cur chun cinn agus neartú leanúnach a dhéanamh ar Chód Eitice na cuideachta.

Tá Téarmaí Tagartha an CIAR ceadaithe ag an mbord. Déantar athbhreithniú orthu gach bliain agus déantar iad a leasú nuair is cuí. Bhuaileadh Cathaoirleach an choiste le Cathaoirleach na cuideachta chun plé a dhéanamh ar ábhair a eascraíonn as stiúradh ghnó an CIAR. Tháinig an CIAR le chéile deich n-uaire in 2020 (naoi n-uaire in 2019). Is é CIAR a chomhlíonann ról an Choiste Iniúcháireachta a cheanglaítear a bhunú faoi Alt 167 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Níor sholáthair na hiniúcháirí aon seirbhísí ábhartha neamh-iniúcháireachta i rith na bliana atá faoi athbhreithniú. Tar éis dó gach caidreamh idir an chuideachta agus an gnólacht iniúcháireachta seachtraí a mheas, ní dóigh leis an CIAR go ndéanann an caidreamh sin dochar do bhreithiúnas ná neamhspleáchas an iniúcháir.

Coiste Sábháilteachta an Bhoird

Amhail an 7 Aibreán 2021, is iad na comhaltaí Boird seo a leanas atá ar Choiste Sábháilteachta bhord Bhus Átha Cliath (CSB): S. Madden Uasal (Cathaoirleach), an tUasal S. Hannan, E. Howley Uasal agus an tUasal T. O'Connor.

Bunluach de chuid Bhus Átha Cliath is ea féachaint chuige go mbíonn na fostaithe agus na custaiméirí sábháilte. Gníomhaíonn an chuideachta ar bhonn an luacha sin trí sheirbhís iompair a sholáthar ina mbraitheann daoine go bhfuil siad sábháilte agus ina bhfuil eispéiris na gcustaiméirí agus na bhfostaithe tógtha ar thiomantas seasta do chleachtais shábháilte.

Sa chomhthéacs sin, tá ról lárnach ag an gCoiste Sábháilteachta i dtaobh a chinntiú go mbeidh an tsábháilteacht seasta i gcoilár an ghnó, agus go ndéanfar cuspóirí agus tosaíochtaí tábhachtacha sábháilteachta a bhainistiú agus a chomhlíonadh go héifeachtach.

Is iad seo a leanas Téarmaí Tagartha an CSB:

- ullmhú na bPleananna Sábháilteachta ag an lucht bainistíochta agus nuashonrú bliantúil orthu;
- tuarascáil bhliantúil ón lucht bainistíochta ar an Athbhreithniú ar na Córais Bainistíochta Sábháilteachta;
- caidreamh agus comhoibriú cuí idir an lucht bainistíochta agus na húdaráis sábháilteachta reachtúla ábhartha, lena n-áirítear an Roinn Iompair, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta;

Tuarascáil na Stiúrthóirí – ar lean

- príomhtháscairí feidhmíochta sábháilteachta arna n-ullmhú agus arna dtuairisciú ag an lucht bainistíochta; agus
- aon chúrsaí sláinte agus sábháilteachta eile arna gcur faoi bhráid an choiste ag an mBord nó ag lucht bainistíochta Bhus Átha Cliath.

Tá an Coiste údaraithe ag bord Bhus Átha Cliath chun imscrúdú a dhéanamh ar aon ghníomhaíocht a thagann faoina théarmaí tagartha, chun na hacmhainní atá de dhíth chuige sin a fháil agus chun rochtain iomlán a bheith aige ar fhaisnéis. Tá sé údaraithe chun aon fhaisnéis atá de dhíth air a éileamh ó aon fhostaí, agus treoraítear do gach fostaí comhoibriú le haon iarraidh ón gcoiste. Tá an Coiste údaraithe ag an mBord chun comhairle ghairmiúil sheachtrach a lorg agus, más gá, chun iarraidh ar chomhairleoirí seachtracha a bhfuil taitní chuí acu freastal ar chruinnithe.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in iomlán in 2020 (ceithre huaire in 2019) i gcomhréir leis an sceideal atá beartaithe do chruinnithe an CSB. Bhí siad seo a leanas i measc na míreanna tábhachtacha a ndearnadh athbhreithniú orthu i rith na bliana:

- Clár sláinte agus folláine na bhfostaithe ‘Waist Management’ chun sláinte agus feasacht na bhfostaithe a chur chun cinn i réimsí na sláinte corpartha agus meabhrach
- Measúnuithe eirgeanamaióchta ar cheantair chábáin tiománaí
- pleanáil COVID-19 agus freagairt éigeandála ar an bpaindéim dhomhanda
- Glacadh le ‘Prótacal um Fhilleadh ar Obair’ an Rialtais agus ceanglais a chomhlíonadh
- Oscailt agus oibriú sábháilte an iosta nua Na Chloiche Leithne
- Roinn SST Bhus Átha Cliath a athdheimhniú go dtí ISO 45001
- Rannpháirtíocht onghníomhach custaiméirí idir Bus Átha Cliath agus gcustaiméirí a mholadh le saincheisteanna sábháilteachta sna cumarsáide
- Glacadh príomhthionscnamh sábháilteachta do 2021, lena n-áirítear iad seo a leanas:
 - Próiseas tástála a chur chun feidhme maidir le drugaí agus alcól
 - Cultúr sábháilteachta inbhuanaithe a bhúnú agus a leagadh amach i mBus Átha Cliath.
- Tuilleadh feabhsaithe a dhéanamh ar phróisis sábháilteachta tríd Bhus Átha Cliath ag úsáid le modh caighdeánaithe.

Coiste Luacha Saothair agus Comharbais an Bhoird

Amhail an 7 Aibreán 2021, is iad na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas den Bhord atá ar an gCoiste Luacha Saothair agus Comharbais: an Dr R. Widdis Uasal (Cathaoirleach), L. Carroll Uasal, an tUasal U. Courtney agus E. Howley Uasal.

Agus aitheantas á thabhairt do sheasamh Bhus Átha Cliath mar a cinneadh é faoi Alt 14(1) den Acht Iompair, 1986, is iad seo a leanas feidhmeanna an Choiste:

- cinntiú go gcuirfear chun feidhme an beartas rialtais maidir le luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus na mbainisteoirí a thuairiscíonn dó ar bhonn díreach, agus a chinntiú go gcuirfear chun feidhme na socrúithe atá déanta ag an Roinn Airgeadais, ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag an Roinn Iompair i dtaobh luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a chinneadh agus a cheadú, agus go gcloifear leo,
- cinntiú go gcloifear le haon treoirilínte ón rialtas agus le Beartais Bhus Átha Cliath/Ghrúpa CIÉ maidir le luach saothair na mbainisteoirí sinsearach,
- faomhadh pacáiste luacha saothair agus ceapadh/athcheapadh an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus gach bainisteora shinsearaigh a thuairiscíonn go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin,
- critéir feidhmíochta a chinneadh a ndéanfar feidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a mheasúnú ina gcoinne, atá ag teacht leis an bplean corparáideach atá ceadaithe ag an mbord,
- teacht le beartas an rialtais, aon bheartas a bhaineann le feidhmíocht a cheadú i ndáil leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus le haon bhainisteoirí a thuairiscíonn go díreach dó. Is é Cathaoirleach an bhoird a dhéanfaidh an t-athbhreithniú ar fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin,
- pleananna comharbais a bhaineann le ról an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a cheadú agus a nuashonrú go rialta, agus breithniú a dhéanamh ar aon mholtaí a dhéanfaidh an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin maidir le scileanna, pleanáil chomharbais nó líon na foirne,

- sa chás ina dtograítear socruithe speisialta a dhéanamh maidir le ceapacháin ar leith, na socruithe sin a cheadú agus a chinntiú go gceadóidh an Roinn Airgeadais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Iompair iad,
- athbhreithniú agus ceadú a dhéanamh ar an rannán sa litir bhliantúil ón gCathaoirleach chuig an Aire Iompair a bhaineann leis an dearbhú go bhfuiltear ag comhlíonadh treoirlínte an Rialtais i ndáil le táillí arna n-íoc le stiúrthóirí an bhoird (ceanglaítear an litir sin a sheoladh de bhun an Chóid Chleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016),
- athbhreithniú agus ceadú a dhéanamh ar na codanna den Tuarascáil Bhliantúil agus de na Ráitis Airgeadais atá le foilsiú ag an gcuideachta a bhaineann le sonraí na dtáillí a bheidh le híoc le gach stiúrthóir boird, na speansais arna n-íoc leis na stiúrthóirí agus tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus
- cinntiú go bhfuil pleananna cuí i bhfeidhm i gcás an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a bheith as láthair gan choinne;
- Aon fheidhmeanna eile a oireann do Choiste Luacha Saothair agus Comharbais a chomhlíonadh, mar aon le feidhm ar bith a shannfaidh an bord dó ó am go ham.

Bunaíodh an Coiste Luacha Saothair agus Comharbais go foirmiúil le cinneadh ó bhord Bhus Átha Cliath in 2014. Cheadaigh an Bord Téarmaí Tagartha an Choiste ina dhiaidh sin agus déantar athbhreithniú orthu gach bliain agus leasaítear iad nuair is cuí. I gcomhréir leis an gclár oibre atá aontaithe ina leith, tháinig an Coiste le chéile dhá uair in 2020 (dhá uair in 2019). Le linn 2020, thug an Coiste, thar ceann an bhoird, faoi chleachtadh mionsonraithe maidir le pleanáil comharbas an bhoird chun féachaint chuige go mbeidh na scileanna agus an taithí ag an mbord amach anseo is gá chun a chuid freagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh agus chun dul i ngleic go hiomlán leis na príomhdheacrachtaí straitéiseacha atá le sárú ag Bus Átha Cliath. Chuaigh an coiste i dteagmháil le bainistíocht i dtaca le Forbairt Bainistíocht Tallaine laistigh den eagraíocht agus aimsithe an Suirbhé um Bhearna Phá idir na hInscní a chuir sainchomhairleoirí seachtrach i láthair do Bhus Átha Cliath a mheas.

Grúpa an Bhoird um Athbhreithniú Straitéise

Amhail an 7 Aibreán 2021, is iad na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas den Bhord atá sa Ghrúpa Athbhreithnithe Straitéise: an tUasal K. Wallace (Cathaoirleach), L. Carroll Uasal, an tUasal U. Courtney, E. Howley Uasal, S. Madden Uasal, an tUasal J. Quinn agus R. Widdis Uasal.

Is é an sainordú ón mbord don SRG:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis mheántéarmach agus fhadtéarmach na cuideachta lena n-áirítear breithniú ar aschuir agus moltaí ó aon tionscnamh pleanála straitéisí de chuid Ghrúpa CIÉ a bhaineann le Bus Átha Cliath
- A chinntiú go léiríonn cuspoirí gnó straitéis cheadaithe
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na príomh-bhoinn tuisceana straitéiseacha a threoraíonn na Pleananna Gnó cúig bliana leanúnacha

I rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2020, thug an Grúpa faoi athbhreithniú mionsonraithe ar phlean straitéise na cuideachta 2020-2024 agus rinne sé athbhreithniú freisin ar na príomhdheacrachtaí straitéiseacha atá le sárú ag an gcuideachta sna blianta amach romhainn, agus tioncahr an Conradh Dámhachtana Díri 2019 nua san áireamh; cur i bhfeidhm tionscadal BusConnects; réitigh luaineachta ag teacht chun cinn; agus COVID-19. Déanann an Grúpa Athbhreithnithe Straitéis monatóireacht leanúnach ar phríomhtháscairí feidhmíochta straitéiseacha.

Tá Téarmaí Tagartha an Ghrúpa um Athbhreithniú Straitéise cheadaithe ag an mBord agus déantar iad a leasú nuair is cuí. Tháinig an coiste le chéile faoi dhó in 2020 (dhá uair in 2019).

Tuarascáil na Stiúrthóirí – ar lean

Freastal ar chruinnithe Boird agus ar chruinnithe na gCoistí

Seo thíos tinreamh na stiúrthóirí boird ag cruinnithe an bhoird agus na gcoistí le linn 2020.

Stiúrthóir	Bord	An Coiste Sábháilteachta	An Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca	Coiste Luacha Saothair agus Comharbais an Bhoird	An Grúpa um Athbhreithniú Straitéise
Ultan Courtney (<i>Cathaoirleach</i>)	12/12			2/2	2/2
Lynda Carroll	12/12		10/10	2/2	2/2
Stephen Hannan	12/12	3/4			
Elaine Howley	11/12	2/4		2/2	2/2
Siobhán Madden	12/12	4/4	10/10		2/2
Thomas O'Connor	12/12	4/4			
Joe Quinn	6/12		6/10		1/2
Keith Wallace	12/12		10/10		2/2
Rachel Widdis	12/12			2/2	2/2

Forbairt na bhfostaithe

Tá Bus Átha Cliath tiomanta dá chinntiú go n-aithneofar agus go bhforbrófar na scileanna agus an t-eolas atá riachtanach ionas go mbíonn an deis ag gach fostaí forbairt a dhéanamh air féin nó uirthi féin agus cion dearfach a dhéanamh i leith na cuideachta. Baintear leas as creat inniúlachta chun an iompraíocht, na scileanna agus an cumas a aithint atá ag teastáil i ról éagsúla na bhfostaithe chun seirbhís ardchaighdeán a sholáthar lena gcomhlíonfar na caighdeán atá leagtha síos.

Cuireann Ionad Oiliúna Bhus Átha Cliath roinnt clár oiliúna ar bun lena chinntiú go gcuirtear oiliúint ardchaighdeán ar na tiománaithe bus ionas gur féidir leo seirbhís bhus atá sábháilte, éifeachtúil agus iontaofa a chur ar fáil dár gcustaiméirí. Glacann na tiománaithe bus ar fad páirt i lá oiliúna amháin gach bliain ionas go mbronnfar Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC) orthu i gcomhréir le Treoir 2003/59/CE ón Aontas Eorpach agus go mbainfidh siad amach faomhadh ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Chomh maith leis an CPS, cuirtear clár forbartha inniúlachta i scileanna tiomána ar fáil do gach tiománaí. Baintear leas as córas oiliúna físeáin (ar a dtugtar 'Vigil Vanguard') sa chlár sin chun éascú don fhoghlaim mhachnamhach agus don athrú iompraíochta. Ina theannta sin, cuireann an tIonad

Oiliúna cláir ionductúcháin ar bun do thiománaithe nua bus, teagasc tiomána do cheadúnais tiomána i gcatagóir C, D agus E, agus clár oiliúna maidir le cúram custaiméirí.

Sláinte agus sábháilteacht

Tá Bus Átha Cliath lántiomanta do chomhlíonadh fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus do chomhlíonadh gach rialachán náisiúnta eile agus gach rialachán de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá an Córas Bainistíochta Sábháilteachta (SMS) deimhnithe ag an gcaighdeán ISO 45001 is déanaí. Mar chuid den chomhlíonadh, rinneadh iniúchadh faireachais seachtrach NSAI chun a chinntiú go bhfuil na riachtanais go léir a leagtar amach sa SMS i bhfeidhm agus ag obair go héifeachtach.

Éagsúlacht agus cuimsiú

Bhí Bus Átha Cliath riamh bródúil as a sheirbhís do phobal éagsúil ó linn fostaíochta ilghnéitheá. Tá na fostaíthe uilig go leibhéal an bhoird san áireamh. Tá Bus Átha Cliath fioreolach ar na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015(ACF) a choscann leithcheal ar naoi mbonn rianaithe. Tá na naoi mbonn iontach tábhachtach dúinn agus tá Bus Átha Cliath tiomnaithe go hiomlán do bhord a léiríonn an pobal ina bhfuil muid thuas ann agus ag saothrú ann.

Tá Polasaí Éagsúlachta agus Cuimsithe a choinnítear faoi athbhreithniú rialta ag Bus Átha Cliath. Ghlac Bus Átha Cliath go bródúil le roinnt gradam as ár gcuid oibre agus as a thionscnaíochta réimse seo le blianta beaga anuas agus leanann sé de bheith a cur béime ar an ábhar seo. Mar chuid de Mhí Fheasacht na hÉagsúlachta Domhanda i 2020 nochtadh bus úrchlúdaith ag léiriú brat 73 thír a bhí ionadaíoch ar áit dúchais ár n-oibrithe, agus a léiríonn ár gcur chun tosaigh agus ár dtacaíocht do Éagsúlacht agus do Chuimsiú.

Le haghaidh Pride 2020, chuaigh Bus Átha Cliath i gcomhpháirtíocht le BeLonG To chun seirbhísí tacaíochta an charthanais do dhaoine óga a chur chun cinn agus an tagline ‘Growing up LGBTI +’ á úsáid agat. Tháinig méadú os cionn 200% de dhaoine ar a gcuid seirbhísí rithábhachtach.

Éagsúlacht agus Cuimsiú – ár mbord

Comh-oibríonn Bus Átha Cliath go hiomlán leis an Roinn Iompair le cinntiú go leanann an bord le léiriú go hiomán a dhéanamh ar an phobal a mbíonn sé ag freastal orthu, agus creideann muid go gcuidíonn bord éagsúil agus cothrom go mór le láidreacht chumas an bhoird ar an mhórchóir le cúram dúshlánach aige a chur i gcríoch.

Ag 31 Nollaig 2020, bhí cúigear comhalta baineann (56%) agus ceathrar comhalta fireann ar an Bhord, gan aon fholúntais. Bhaineann an Bord spríoc an Rialtais amach mar sin go mbíonn 40% bunionadaíocht ag gach inscne i gcomhaltas Boird Stáit.

Tá sé pleanáilte na mbeartanna a leanas le tacú le cothromaíocht inscne ar an bhord seo agus lena chaomhnú

- Cuirfear an Aire Iompair ar an eolas faoi foluntas le himpleacht fhéideartha ó líonadh an fholúntais ar chothromaíocht inscne ar an Bhord
- Cuirfear forálacha i dtaca le cothromaíocht inscne i gcomhaltas an Bhoird i dtabhairt suas chun dáta Polasaí Cothromais ag an Obair Bhus Éireann

Éagsúlacht agus Cuimsiú – ár bhfostaithe agus ár gcustaiméirí

Tá Bus Átha Cliath tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina gcaitear le fostaithe agus custaiméirí le dínit agus le meas agus ina mbíonn meas ar dhifriochtaí agus a dtéitear in oiriúint dóibh. Ina theannta sin, tá sé ina aidhm againn timpeallacht a chruthú inar féidir leis na daoine go léir lán a n-acmhainneachta a bhaint amach, agus ina bhfuil meas ar réimse leathan cumas, buanna agus dearthaí aonair agus a dtacaítear leo.

Tá Polasaí Éagsúlachta agus Chuimsithe i bhfeidhm ag an gcuideachta a léiríonn an tiomantas leanúnach atá againn don chomhionannas, don éagsúlacht agus don neamh-idirdhealú i gcás ár bhfostaithe, ár gcustaiméirí agus an phobail i gcoitinne ar mian linn freastal air. Is é is aidhm léi timpeallacht oibre éifeachtach, shásúil a chinntiú dár bhfostaithe, freastal ar athruithe ar riachtanais ár gcustaiméirí agus bonn taca a chur faoina n-eispéireas agus iad ag baint leas as na seirbhísí dár gcuid, agus neartú a dhéanamh ar an gceangal leis na pobail éagsúla ar a bhfreastalaimid. Cuimsítear ann plean gníomhaíochta bliantúil ina leagtar amach na céimeanna sonracha agus na tiomantais a ghlacaimid gach bliain chun dul chun cinn a dhéanamh i leith na gcuspóirí sin ar fud gach ceann de na feidhmeanna gnó i mBus Átha Cliath.

An Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016

Na sonraí maidir leis na beartais agus na nósanna imeachta arna gcur chun feidhme ag an gcuideachta i ndiaidh fhoilsiú an Chóid Chleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, tá siad leagtha amach i dTuarascáil Bhliantúil Córas Iompair Éireann. Leagtar síos íoschaighdeán sa chód agus déanann an bord tréaniarracht a chinntiú go bhfuil an dea-chleachtas i dtaobh rialachas corparáideach á chomhlíonadh aige agus é i mbun gnó. Tá na hathruithe de bharr chur chun feidhme leagan na bliana 2016 den Chód Chleachtas Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus aguisíní ina dhiadh sin á léiriú go hiomlán i ráitis airgeadais na bliana 2020, agus leagtar amach thíos an Ráiteas faoin Rialú Inmheánach atá de dhíth ar leathanach 41.

Tuarascáil na Stiúrthóirí – ar lean

Cód Caiteachais Phoiblí

Aithníonn Bus Átha Cliath an fhreagracht atá air i dtaobh chomhlíonadh fhorálacha an Cód Caiteachais Phoiblí a áirithiú i ngach gné ábhartha. Ní mór do gach comhlacht poiblí caitheamh go cúramach le cistí poiblí, agus cinntiú go bhaintear amach luach a gcuid airgid nuair a chaithfear nó nuair a infhesítítear airgead oiblí. Déanann an bord a dhícheall a chinntiú go gcomhlíontar an cleachtas is fearr i rialachas corparáideach agus é i mbun a ghnó.

Cleachtas Íocaíochta

Aithníonn Bus Átha Cliath an fhreagracht atá air i dtaobh chomhlíonadh fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2013, arna leasú, a áirithiú i ngach gné ábhartha. Is é beartas íocaíochta na cuideachta é ceangaltas an Rialacháin a chomhlíonadh.

Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe

Lean Bus Éireann ar aghaidh ag oibriú seirbhísí OSP de réir an Chonartha Dámhachtana Díreach le linn 2020. D'aistrigh an Chuideachta go conradh ollchostas ón 1 Eanáir 2021. Faoin gconradh comhlán costas, aistríonn freagracht ioncaim as seirbhísí OSP chuig an NTA. Chinn an Chuideachta gur ócáid neamh-choigeartaithe iar-chláir chomhardaithe é seo. Dá réir sin ní gá aon choigeartú ar staid airgeadais agus torthaí na n-oibríochtaí amhail agus don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020.

Níor tharla aon imeachtaí suntasacha eile tar éis an chláir chomhardaithe a éilíonn coigeartú ar na ráitis airgeadais.

Iníúcháirí

In 2020, tar éis cead a fháil ón Aire Iompair, ceapadh na hiniúcháirí, Mazars, go foirmiúil mar iniúcháirí seachtracha don Ghrúpa lena n-áirítear Bus Átha Cliath. Chuir na hiniúcháirí in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint in oifig de réir Alt 383 (2) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Nochtadh faisnéise do na hiniúcháirí

A mhéid is eol do gach duine de na stiúrthóirí a bhí in oifig ar an dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais:

- níl aon fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha nach bhfuil iniúcháirí na cuideachta ar an eolas fúithi; agus
- tá gach beart déanta ag na stiúrthóirí ar cheart dóibh a bheith déanta acu i gcáil stiúrthóirí chun iad féin a chur ar an eolas faoi fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha ar bith agus lena chinntiú go bhfuil iniúcháirí na cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Ráiteas um Rialú Inmheánach

Raon feidhme na freagrachta

Aithníonn Bus Átha Cliath an fhreagracht atá air a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 (an Cód).

Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal inghlactha, agus ní chun fáil réidh leis ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i mBus Átha Cliath don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus go dtí an dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

An cumas i dtaobh riosca a láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta, Airgeadais agus Riosca (CIAR) ag Bus Átha Cliath. I gCairt agus Téarmaí Tagartha an Choiste, déantar foráil maidir le roinnt stiúthóirí a cheapadh chuig an gcoiste, a nglacfaidh duine acu ról an Chathaoirigh. Tháinig an CIAR le chéile deich n-uaire in 2020.

Ina ról mar chuid de Ghrúpa CIÉ, tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí bunaithe ag Bus Átha Cliath freisin, a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a bhíonn ag gabháil do chlár oibre arna aontú leis an CIAR.

D'fhorbair Bus Átha Cliath, mar chuid de Ghrúpa CIÉ, Beartas Bainistíochta Riosca (an Beartas) lena leagtar an fhreagracht as bainistíocht riosca ar Phríomh-Oifigeach Riosca na cuideachta, agus tá struchtúr tuairiscithe bunaithe aici siúd. Is é an Bord atá freagrach as na Creataí Bainistíochta Riosca agus is é a cheadaíonn iad. Tá na creataí sin curtha in oiriúint do na cuspóirí straitéiseacha sonracha, agus chun an neamhchosaint ar rioscaí sonracha a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil, i gcomhthéacs an Bheartais.

Is é an Beartas atá ann ná a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm laistigh de Bhus Átha Cliath chun na príomhrioscaí atá roimh gach réimse den ghnó a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Is iad na príomhrioscaí iad siúd ar féidir leo dochar a dhéanamh dá cháil, dá acmhainn oibríochtúil nó dá acmhainn airgeadais, guaiseacha a chur faoi deara, nó é a stopadh óna chuspóirí a bhaint amach ar shlí ina léirítear drogall roimh rioscaí.

An creat riosca agus rialaithe

Soláthraítear dearbhú riosca trí mheán na trí líne cosanta. Is é an príomhdhifriocht atá idir na trí líne cosanta sin ná a leibhéal neamhspleáchais.

I samhail rialachais atá bunaithe ar thrí líne cosanta, déantar idirdhealú idir úinéireacht riosca, maoirseacht rioscaí agus maoirsiú rioscaí mar seo a leanas:

- Úinéireacht Riosca, eadhon na feidhmeanna a ghlacann seilbh ar na rioscaí agus a dhéanann iad a bhainistiú mar chuid dá ngníomhaíochtaí ó lá go lá (an chéad líne cosanta);
- Maoirseacht Riosca, eadhon na feidhmeanna a dhéanann maoirseacht ar rioscaí agus a chuireann dúshlán na bhfoirne bainistíochta go stuama (an dara líne cosanta); agus
- Maoirsiú Riosca, eadhon feidhmeanna a sholáthraíonn dearbhú neamhspleách (an tríú líne cosanta).

Tá Úinéireacht Riosca ailínithe le húinéireacht ghnó. Toisc go bhfuil na daoine atá i gceannas ar na rannóga freagrach as cuspóirí gnó a bhaint amach, is iad atá freagrach ar deireadh thiar, ina gcáil mar Úinéirí Rioscaí, as rioscaí a bhaineann lena gcuid réimsí freagrachta féin a aithint agus a bhainistiú. Feidhmíonn siad an fhreagracht sin trína chinntiú go gcuirtear aithint rioscaí san áireamh go hiomlán i ngníomhaíochtaí laethúla na ndaoine atá ag obair laistigh dá gcuid rannóga.

Nuair a aithnítear rioscaí nua, sanntar iad d'Úinéirí Riosca, is é sin, Ceann na Rannóige. Féadfaidh an té sin bainistíocht an riosca a leagan ar Bhainisteoir Riosca a bheidh freagrach as anailís agus meastóireacht bhreise a dhéanamh ar an riosca atá i gceist agus dul i ngleic leis.

Ráiteas um Rialú Inmheánach – ar lean

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Bus Átha Cliath trí chóras bogearraí riosca ar féidir iniúchadh a dhéanamh air, OpRiskControl, a ceapadh lena chinntiú go nglacann Úinéirí Riosca agus baill foirne eile sna rannóga cur chuige comhsheasmhach, stuama ag gach céim den phróiseas bainistíochta riosca, ó aithint riosca go riosca a chur faoi bhráid leibhéal freagrachta níos airde. De réir ISO 31000 Bainistíocht Riosca, tá sé ina bheartas againn rioscaí a shainiú ar leibhéal is féidir a bhainistiú, is é sin, go ndéantar cur síos orthu ar shlí is leor ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar mhéid féideartha agus dóchúlacht an teagmhais, agus bearta maolaithe a chur chun feidhme.

Déanann an tÚinéir Riosca atá freagrach na rioscaí a mheas agus é nó í ag baint úsáid as táblaí critéar riosca a forbraíodh ionas go luafar an grád riosca cuí le rioscaí atá lasmuigh den fhoth riosca, agus go sannfar an leibhéal cuí maoirseachta dóibh.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bíonn gach riosca nua-aitheanta agus príomhrioscaí, cinní agus sonraí faoi aon rioscaí atá ag teacht chun cinn faoi réir athbhreithnithe píaraí ag an bhfoireann feidhmiúcháin.

Cuimseofar sna tuarascálacha tréimhsiúla an méid seo a leanas mar bheart caighdeánach:

- Príomhrioscaí
- Athruithe ar ghrád na bpríomhrioscaí
- Rioscaí nua-aitheanta
- Rioscaí atá ag teacht chun cinn
- Forbhreathnú ar iomlán na rioscaí
- Rioscaí a sháraíonn an fonn riosca agus na bearta maolaithe.

Ina dhiaidh sin cuirtear tuarascáil ar na rioscaí go léir, a stádas i leith fonn riosca agus a bhfeidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta faoi bhráid an CIAR gach ráithe, agus tuairiscí faoi mhionsonraí na rioscaí ag gabháil leo.

Chomh maith leis an méid thuasluaite, cuirtear gach príomhriosca ardleibhéil de chuid an ghrúpa agus gach riosca atá ag teacht chun cinn faoi bhráid bhord feidhmiúcháin CIÉ ionas go ndéanfaidh an bord sin measúnú orthu i gcomhthéacs an ghrúpa ar fad. Cuirtear tuarascáil ar phríomhrioscaí uile an ghrúpa, a stádas i leith fonn riosca agus a bhfeidhmíocht i

gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta faoi bhráid na gcruinnithe go léir den CIAR agus faoi bhráid Bhord CIÉ gach ráithe, agus tuairiscí faoi mhionsonraí na rioscaí ag gabháil leo.

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí. Tá sé á dhearbhu ag Bus Átha Cliath go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis chun feidhme chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun tuairisciú a dhéanamh ar aon easnaimh a aithníodh;
- rinneadh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta; agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla i dtaobh feidhmíochta agus cúrsaí airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

Soláthar

Deimhníonn Bus Átha Cliath go bhfuil nósanna imeachta ar bun aige chun a áirithiú go gcloítear leis na treoirlínte agus na rialacha soláthair is infheidhme. Chuir Grúpa CIÉ in iúl don Roinn Iompair go bhfuil tairseach €50,000 á cur i bhfeidhm aige maidir le neamhchomhlíontachtaí soláthair de bharr líon na gceannachán laistigh de Ghrúpa CIÉ agus an costas breise a bhaineann le faisnéis a sholáthar ar an leibhéal níos ísle.

Tugadh líon beag cásanna neamhchomhlíonta faoi deara maidir le nósanna imeachta soláthair sa bhliain 2020. Bhain na cásanna neamhchomhlíonta sin le maoluithe a chur isteach go cruinn agus in am trátha agus le conarthaí áirithe a shíneadh níos faide ná tréimhse chomhlíontach an tsoláthair, go príomha. B'ionann luach iomlán na n-idirbheart neamhchomhlíontacha agus €1.2 milliún ó chaiteachas iomlán de €67 milliún. Aithníodh príomhchúis an chaiteachais neamhchomhlíontach le plean gníomhaireachta leasúcháin atá le cur i bhfeidhm thar na míonna romhain.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Éilítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go ndéanfaí athbhreithniú seachtrach ar bhonn tréimhsiúil ar éifeachtacht chreat bainistíochta riosca gach Comhlachta Stáit. Tá Mazars ag críochnú á n-athbhreithniú ar Chreat Bainistíochta Riosca na Cuideachta faoi láthair le cinntiú go bhfuil an creat suas chun dáta le riachtanais an Conradh a chuir san áireamh go cuí.

Fuarthas go raibh an chuideachta ag cloí leis an gCód.

Ina theannta sin, tá sé á dhearbhu ag Bus Átha Cliath go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm aige chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus rialú riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na cuideachta ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar an obair a dhéanann na hiniúcháirí inmheánacha agus na hiniúcháirí seachtracha, an CIAR, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta i mBus Átha Cliath atá freagrach as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánaigh.

Tá sé á dheimhniú ag Bus Átha Cliath go ndearna an bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i leith na bliana 2020.

Saincheisteanna a bhaineann le rialú inmheánach

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i leith na bliana 2020 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Faoi dhlí na gcuideachtaí in Éirinn, ceanglaítear ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais. Faoin dlí sin, chinn na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102, an *Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha'). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní fhéadfaidh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú mura bhfuil siad deimhin de go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus cailteanas na cuideachta i leith na bliana airgeadais, agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014 i ngach slí eile.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú i gcomhair ráitis airgeadais na cuideachta agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a shonrú cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin atá i gceist a shainaithint, agus aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a thabhairt ar aird agus a mhíniú; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta, nó go gcuireann sí faoi deara go gcoinneofaí, taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ina ndéantar idirbhearta na cuideachta a mhíniú agus a thaifeadadh go cruinn, a fhágann gur féidir, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús agus cailteanas na cuideachta a chinneadh go réasúnta cruinn, a chuireann ar a gcumas dóibh a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí ag cloí le hAcht na gCuideachtaí, 2014 agus a fhágann gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh.


Chomh maith leis sin, tá na stiúrthóirí freagrach as sócmhainní an ghrúpa a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na stiúrthóirí freagrach as féachaint chuige go gcomhlíonfaidh an chuideachta an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile. Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin na cuideachta.

Thar ceann an bhoird



An tUasal U. Courtney
Stiúrthóir



L. Carroll Uasal
Cathaoirleach

Dáta: 7 Aibreán 2021

Tuarascáil na niniúcháirí neamhspleácha

do chomhaltaí Bhus Átha Cliath

Tuairisc ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Bus Átha Cliath ('an Chuideachta'), a chuimsíonn an Cuntas Brabúis agus Cailteanais, an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas um Athruithe ar Chothromas, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus nótaí leis an airgeadais ráitis, lena n-áirítear an achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha atá leagtha amach i nóta 1. Is é dlí na hÉireann an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú agus FRS 102 An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint sa Ríocht Aontaithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRS 102).

Is é ár dtuairim na ráitis airgeadais a ghabhann leo:

- tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus an Aonáin amhail an 31 Nollaig 2020 agus ar thoradh an Ghrúpa don bhliain dar críoch ansin;
- ullmhaíodh i gceart de réir FRS 102; agus
- Ullmhaíodh i gceart de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

Bunús leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar an bhfreagracht atá orainn faoi na caighdeáin sin níos mó sa chuid Na Freagrachtaí atá ar an Iniúcháir as an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais den tuarascáil uainn.

Táimid neamhspleách ar an gcuideachta de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil do Iniúcháirí (Éirinn) arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuairéamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, tháinig muid ar an gconclúid gur iomchuí úsáid na stiúrthóirí ar bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonair nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

Faisnéis eile

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh sa tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuairisciúil an iniúcháora uainn ina leith. Ní chuimsítear sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil uainn, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuairéamar le linn an iniúchta, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráiteas a ndéalraíonn sé gur míráiteas ábhartha é, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

Tuarascáil na niniúchóirí neamhspleácha – ar lean

Tuairimí ar ábhair eile a fhorordaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014

Is é ár dtuairim, bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, go dtuairiscimid:

- tá an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na Stiúrthóirí don bhliain airgeadais a n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ina leith ag teacht leis na ráitis airgeadais;
- ullmhaíodh tuarascáil na Stiúrthóirí de réir na gceanglas dlí is infheidhme;
- ba leor taifid chuntasaíochta na Cuideachta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart; agus
- réitíonn na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile atá riachtanach, chun an eolais agus an chreidimh atá againn, chun críoche ár n-iniúchta.

Nithe a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu trí eisceacht

Bunaithe ar eolas agus tuiscint na Cuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níl aon mhíríteas ábhartha aitheanta againn i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Ceanglaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014 orainn tuairisc a thabhairt duit más rud é, inár dtuairim, nach gcomhlíonann an Chuideachta ceanglais aon cheann d'Ailt 305 go 312 den Acht, a bhaineann le nochtadh luach saothair agus idirbhearta stiúrthóirí.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

Faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (Lúnasa 2016) (an “Cód Cleachtais”), éilítear orainn tuairisc a thabhairt duit má tá an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a éilítear faoin gCód Cleachtais mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorporáidigh i dTuarascáil na Stiúrthóirí nach léiríonn comhlíonadh na gcuideachtaí le mír 1.9 (iv) den Chód Cleachtais nó mura bhfuil sé ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ónár gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

Freagrachtaí Faoi Seach

Freagrachtaí atá ar na Stiúrthóirí as na Ráitis Airgeadais

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air sa ráitis ar fhreagrachtaí na Stiúrthóirí ar leathanach XX, is iad na Stiúrthóirí atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais de réir an creatlach tuairiscithe airgeadais infheidhme a thugann léargas fíor agus cóir agus as cibé rialú inmheánach a chinnfidh an bhainistíocht is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais a n-ullmhú, tá na Stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, as nochtadh a dhéanamh, mar is infheidhme, ar nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag bainistíocht an Chuideachta a leachtú ná deireadh a chur leis na hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaióch acu ach é sin a dhéanamh.

Na freagrachtaí atá ar an iniúchóir as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina bhfuil an tuairim uainn.

Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus rátháíocht go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Éire) míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí as iniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann ag: http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8fa98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf. Tá an tuairisc seo mar chuid de thuarascáil ár n-iniúchóra.

Aidhm ár gcuid Oibre Iniúchta agus a bhfuil ár bhFreagrachtaí dlite dúinn

Tá ár dtuarascáil á cur faoi bhráid chomhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, agus faoina mbráid siúd amháin de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Cuireadh i gcrích ár gcuid oibre iniúcháireachta ionas go bhféadfaimis a lua le comhaltaí na Cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil na hiniúchára agus chun na críche sin amháin. Sa mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid freagracht d'aon duine seachas an Chuideachta agus comhaltaí na cCuideachta mar chomhlacht as ár n-obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar ar tháingamar.



Tommy Doherty

Ar son agus thar ceann Mazars
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht
Iniúcháireachta Reachtúla
Ionad Fhearchair, Bloc 3
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

Dáta: 14 Aibreán 2021

Cuntas Brabúis agus Cailteanais

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €'000	2019 €'000
Ioncaim			
Ioncam oibriúcháin		125,077	263,001
Íocaíocht na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí		125,104	39,901
Deontais ioncaim		22,331	101
Ioncam iomlán	4	272,512	303,003
Costais			
Costais phárolla agus costais ghaolmhara	5	(195,358)	(201,639)
Ábhair agus seirbhísí	6	(79,220)	(88,012)
Iomlán na gcostas oibriúcháin		(274,578)	(289,651)
TRÚCDA roimh chostais eisceachtúla		(2,066)	13,352
Costais oibriúcháin eisceachtúla	7	(6,038)	(5,390)
Dímheas agus amúchadh (glan)	8	(1,709)	(6,237)
Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe		35	737
(Easnamh)/barrachas roimh ús agus cháin		(9,778)	2,462
Ús iníoctha agus muirir dá shamhail	9	(87)	(6)
(Easnamh)/barrachas roimh cháin		(9,865)	2,456
Cáin ar an mbarrachas	10	-	(1,040)
(Easnamh)/barrachas don bhliain		(9,865)	1,416

Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach Iomlán

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2020

	2020 €'000	2019 €'000
(Easnamh)/barrachas don bhliain	(9,865)	1,416
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	(9,865)	1,416

Tagann torthaí ar fad ó ghníomhaíochtaí leanúnacha.

Clár Comhardaithe


Amhail an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €'000	2019 €'000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní doláimhsithe	11	597	833
Sócmhainní inláimhsithe	12	79,696	196,256
		80,293	197,089
Sócmhainní reatha			
Stoic	13	3,448	3,592
Féichiúnaithe	14	182,450	188,161
Airgead sa bhanc agus ar láimh		295	1,075
		186,193	192,828
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	15	(74,751)	(84,236)
Glansócmhainní reatha		111,442	108,592
Sócmhainní iomlána lúide dliteanas reatha		191,735	305,681
Soláthar in aghaidh dliteanas	16	(88,344)	(86,595)
Ioncam iarchurtha	17	(64,621)	(170,451)
Glansócmhainní		38,770	48,635
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	18	69,836	69,836
Cuntas brabúis agus cailleanais		(31,066)	(21,201)
Caipiteal Gnáthscaireanna		38,770	48,635

Thar ceann an Bhoird



An tUasal U. Courtney
Stiúrthóir



L. Carroll Uasal
Stiúrthóir

Dáta: 7 Aibreán 2021

Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2020

	Scair- chaipiteal glaote €'000	Cuntas Brabúis agus Caill- teanais €'000	Iomlán €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2019	69,836	(22,617)	47,219
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	-	1,416	1,416
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019	69,836	(21,201)	48,635
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2020	69,836	(21,201)	48,635
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	-	(9,865)	(9,865)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2020	69,836	(31,066)	38,770

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €'000	2019 €'000
Airgead glan (úsáidte)/arna ghiniúint ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	19 (a)	(14,624)	20,765
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Ceannach sócmhainní seasta doláimhsithe		(357)	(799)
Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe		(4,320)	(7,633)
Fáltas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe		35	737
Deontais chaipitil a fuarthas	17 (c)	17,503	4,758
Laghdú/(méadú) ar chomhardú infhála leis an máthairchuideachta		1,071	(18,070)
Cáin íoctha		(1)	-
Ús íoctha	9	(87)	(6)
Airgead glan arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta		13,844	(21,013)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Airgead glan arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe		-	-
(Glanlaghdú)/glanméadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid		(780)	(248)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana		1,075	1,323
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana		295	1,075

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Ráiteas maidir le comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Bhus Átha Cliath ar bhonn gnóthas leantach de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Gníomhaíochtaí agus úinéireacht

Is é Córas Iompair Éireann (CIÉ), ar fochuideachta ar lánúinéireacht de é Bus Átha Cliath, údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann iompar poiblí ar talamh ar fáil in Éirinn. Tá CIÉ ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair.

Is é Bus Átha Cliath príomhsholáthraí Bhaile Átha Cliath i dtaobh iompar poiblí.

Is Cuideachta Thráchtála Stáit é Bus Átha Cliath, an chuideachta, agus tá sí ina cuid de Ghrúpa Cuideachtaí CIÉ. Athchláraíodh an chuideachta mar Chuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe le feidhm ón 1 Feabhra 2016, faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Tá an chuideachta cláraithe i mBaile Átha Cliath. Is 119569 uimhir na cuideachta agus tá an oifig cláraithe ag 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

Baineann ráitis airgeadais na cuideachta le gníomhaíochtaí Bhus Átha Cliath agus leo sin amháin.

Achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta

Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais sin curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta go léir atá curtha i láthair, mura luaitear a mhalairt.

De réir mar a cheadaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014, tá leagan amach forordaithe an chuntais brabúis agus cailteanais oiriúnaithe ag na stiúrthóirí ar bhealach a oireann do chineál ghnó na cuideachta. Is ionann TRÚCDA agus tuilleamh cuideachta roimh choigeartú d'ús agus cánacha, dímhéas ar shócmhainní seasta agus amúchadh na ndeontas caipitil arna bhfáil.

(a) Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, ní mór leas a bhaint as príomhthoimhdí áirithe faoin todhchaí, agus foinsí tábhachtacha eile neamhchinnteachta meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Éilíonn sé freisin go ndéanadh stiúrthóirí breithiúnas agus beartais chuntasaíochta na cuideachta á gcur i bhfeidhm acu. Leagtar amach ag (u) thíos, 'Meastacháin agus toimhdí ríthábhachtacha cuntasaíochta', na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil baol nach beag go ndéanadh toimhdí agus meastacháin choigeartú ábhartha ar shuim ghlánluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

Faoi FRS 102, ceadaítear díolúintí áirithe ó nochtadh d'eintiteas incháilithe. Níor bhain Bus Átha Cliath leas as aon díolúine ó nochtadh atá ar fáil le haghaidh eintitis incháilithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta – ar lean

(b) Gnóthas leantach

Tá súil réasúnach ag na stiúrthóirí go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gcuideachta chun leanúint i mbun gnó oibríochtúil go ceann i bhfad.

Déantar an deimhniú tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht trádála sa todhchaí, pleananna caiteachais caipitil agus infhaighteacht leachtachta. Bhreithnigh na Stiúrthóirí rioscaí agus neamhchinnteachtaí sa ghnó chomh maith leis an bhfaisnéis phoiblí a bhí ar fáil.

Dá bhrí sin, ullmhaíodh ráitis airgeadais seo an eintitis ar bhonn gnóthas leantach. Tá tuilleadh faisnéise i nóta 2.

(c) Airgeadra eachtrach

(i) Airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe

Is é an euro airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe na cuideachta, arna ainmniú ag an tsiombail ‘€’, agus, mura luaitear a mhalairt, tá na ráitis airgeadais curtha i láthair ina mílte (€’000).

(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadra eachtrach a aistriú chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhonn na rátaí malairte ar an láthair ar dháta na n-idirbheart.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar míreanna airgeadaíochta in airgeadra eachtrach a aistriú ina euro ar an ráta reatha. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a gcostas stairiúil a aistriú ar bhonn an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a luach cóir a thomhas ar bhonn an ráta malairte nuair a cinneadh an luach cóir.

Is sa chuntas brabúis agus caillteanais a aithnítear gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a eascraíonn as socraíocht idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte ag deireadh na bliana airgeadais ar shócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear i láthair gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi ‘ús infhála agus ioncam dá shamhail’ nó ‘ús iníochta agus muirir dá shamhail’ mar is cuí. Cuirtear i láthair gach gnóthachan agus caillteanas airgeadra eachtraigh eile sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi ‘costais ábhar agus seirbhísí’.

(d) Láimhdeachas

Cuimsíonn an láimhdeachas luach comhlán na seirbhísí arna soláthar. Déantar an láimhdeachas a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó is infhála agus is ionann é agus an méid is infhála i leith seirbhísí a soláthraíodh. Aithníonn Bus Átha Cliath an láimhdeachas sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

Aithníonn Bus Átha Cliath ioncam trína shruthanna ioncaim éagsúla mar seo a leanas:

Airgead tirim ar an mbus

Aithnítear ioncam ón airgead tirim ar an mbus ag an bpointe díolacháin, is é sin an lá a gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

Ioncam ón gCóras Ticéadaithe Chomhtháite (sparán leictreonach)

Aithnítear ioncam ón gcóras ticéadaithe chomhtháite ar an mbus an lá a gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

Taxsaver

Aithnítear ticéid bhliantúla Tax saver ar bhonn cothrom thar na tréimhsí den bhliain lena mbaineann an táirge. Aithnítear aon lamháltais nó scéimeanna moltach de réir théarmaí na scéime lamháltais. Ní aithnítear aon ioncam le linn tréimhsí moltach do 2020.

Ioncam ón Roinn Coimirce Sóisialaí

Faightear an t-ioncam ón Roinn Coimirce Sóisialaí ar bhonn míosúil agus aithnítear é sa mhí lena mbaineann sé. Fáltais riaráisteacha atá i gceist.

(e) Ioncam ó Dheontais – Deontais ón Aontas Eorpach, íocaíochtaí oibleagáide seirbhíse poiblí, agus deontais eile ón Státchiste

Aithníonn Bus Átha Cliath deontais rialtais ag teacht leis an tsamhail fabhráithe faoi FRS 102.

Deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil

Déantar deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil eile a chur chun sochair an ioncaim iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus cailiteanais ar an mbonn céanna ar a ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

Íocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP)

Déileáiltear le híocaíochtaí OSP arna bhfáil agus na cinn is infhála i rith na bliana sa chuntas brabúis agus cailiteanais sa tréimhse ina mbíonn siad infhála.

Deontais ioncaim agus fóirdheontais

Aithnítear deontais i leith caiteachais sa chuntas brabúis agus cailiteanais an tráth céanna a thabhaítear an caiteachas gaolmhar agus a bhfuil an deontas beartaithe lena chúiteamh. Aithnítear fóirdheontais i leith na Scéime Fóirdheontais Pá Sealadaigh agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostóra sa bhrabúis agus sa chailiteanas ag an am céanna leis an gcaiteachas gaolmhar agus a bhfuil deontas beartaithe mar chúiteamh air.

(f) Costais ábhar agus seirbhísí

Cuimsítear le costais ábhar agus seirbhísí, a dtugtar costais oibriúcháin orthu freisin, na costais go léir a bhaineann le hoibríochtaí Bhus Átha Cliath ó lá go lá, gan costais dímheasa, amúchta agus phárolla a ndéantar iad a nochtadh go leithleach sa chuntas brabúis agus cailiteanais, agus tá siad leagtha amach ar shlí níos mionsonraithe i Nóta 6 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(g) Ús infhála/ús iníoctha

Aithnítear ioncam úis nó costas úis faoi mhodh an ghlanráta úis.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta – ar lean

(h) Costais eisceachtúla

I gcuntas brabúis agus caillteanais Bhus Átha Cliath, aithnítear torthaí ar leithligh roimh mhíreanna sonracha. Is iad na míreanna sonracha iad siúd nach mór iad a nochtadh go leithleach, dar linn, mar gheall ar a méid, a gcineál nó a minicíocht. Creideann Bus Átha Cliath go soláthraíonn an cur i láthair sin anailís bhreise toisc go ndírítear aird ar mhíreanna eisceachtúla dá bharr. Áirítear le míreanna den sórt sin costais shuntasacha a bhaineann le hathstruchtúrú gnó.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh céard is brí le ‘suntasach’ sa sainmhíniú atá againn air, úsáideann an chuideachta idir bhreithiúnas cáilíochtúil agus bhreithiúnas cainníochtúil agus measúnú á dhéanamh ar na míreanna áirithe arb amhlaidh ina leith, de bhua a méid agus a gcineál, go nochtar sa chuntas brabúis agus caillteanais agus sna nótaí gaolmhara iad mar mhíreanna eisceachtúla.

(i) Cánachas

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim don bhliain cáin reatha agus cáin iarchurtha arna n-aithint sa bhliain airgeadais. Cuirtear costas cánach ioncaim i láthair sa chomhpháirt chéanna den ioncam cuimsitheach iomlán (cuntas brabúis agus caillteanais nó ioncam cuimsitheach eile) nó den scairchaipiteal leis an idirbheart nó an teagmhas eile as a dtig an costas cánach ioncaim.

Ní dhéantar lascaíniú ar shócmhainní agus dliteanais cánachais reatha ná cánachais iarchurtha.

(i) Cáin reatha

Is ionann an cháin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha ar an mbrabús inchánach don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar an cháin reatha a thomhas de réir mhéid na cánach reatha a mheastar a bheidh le híoc de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na bliana airgeadais.

(ii) Cáin iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir brabús inchánach agus ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin ó chuimsiú ioncaim agus caiteachas sna measúnachtaí cánach i mblianta airgeadais seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin ag deireadh gach bliana airgeadais faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabús eile inchánach sa todhcháil.

(j) Páirtithe gaolmhara

Fochuideachta de chuid Ghrúpa CIÉ is ea Bus Átha Cliath. Nochtann Bus Átha Cliath idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil ar lánúinéireacht laistigh den ghrúpa. Ní nochtann sé idirbhearta le baill den ghrúpa céanna atá ar lánúinéireacht.

I ngnáthchúrsa an ghnó, ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann. Ar na haonáin is tábhachtaí díobh sin tá An Post, an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil candam na gceannachán sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

(k) Sócmhainní seasta doláimhsithe

Tugtar bogearraí ríomhaire anonn ar an gcostas lúide amúchadh carntha agus cailteanais lagaithe charntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, idir trí bliana agus cúig bliana, ar mhodh an mhéid chothrom. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Sa chás ina dtugtar le fios de bharr tosca amhail dul chun cinn na teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna margaidh go bhfuil athrú tagtha ar shaol úsáideach na mbogearraí, déantar an saol úsáideach a leasú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a chur san áireamh. Déantar athbhreithniú i ndáil le lagú ar shócmhainní seasta doláimhsithe má tá aon rud ann a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta dholáimhsithe a bheith lagaithe.

(l) Sócmhainní seasta inláimhsithe

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thabhairt anonn ar a gcostas, lúide dímheas carntha agus cailteanais lagaithe charntha. Áirítear sa chostas an praghas ceannaigh bunaidh, costais arna dtabhú ar bhonn díreach i dtaobh an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus a chur sa riocht is gá don úsáid atá ceaptha di, agus costais díchoimisiúnaithe infheidhme.

(i) Is iad seo a leanas boinn ríofa an dímheasa:*Feithiclí paisinéirí bóthair*

Déantar dímheas ar chostas stairiúil na bhfeithiclí paisinéirí bóthair ar bhonn chostas stairiúil na bhfeithiclí sa fhliú, ar feadh a saoil úsáidigh tuartha, ar bhonn céatadán laghdaitheach a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Saol úsáideach tuartha idir 3 bliana agus 12 bhliain atá ag na sócmhainní sa chatagóir seo.

Stadanna bus agus scáthláin bhus

Déantar stadanna bus agus scáthláin bhus a dhímheas, trí thráthchodanna cothroma bliantúla, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saol úsáideach tuartha. Saol úsáideach tuartha idir 3 bliana agus 15 bliana atá ag na sócmhainní sa chatagóir seo.

Gléasra agus innealra

Déantar gléasra agus innealra a dhímheas, trí thráthchodanna cothroma bliantúla, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saol úsáideach tuartha. Saol úsáideach tuartha idir 3 bliana agus 10 mbliana atá ag na sócmhainní sa chatagóir seo.

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní agus a saol úsáideach, agus déantar iad a choigeartú, más iomchuí, gach bliain airgeadais. Cuirtear éifeacht aon athraithe ar luachanna iarmharacha nó ar shaol úsáideach san áireamh sna cuntais ar bhonn ionchasach.

(ii) Breiseanna iardain

Ní dhéantar costais iardain, lena n-áirítear costais maidir le comhpháirteanna arna n-athsholáthar, a áireamh i suim ghlanluacha na sócmhainne ná a aithint mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, ach amháin nuair is dócha go mbeidh sochair eacnamaíocha a bhaineann leis an mír i ndán don chuideachta agus gur féidir an costas a thomhas ar bhonn iontaofa.

Caitear le comhpháirteanna móra mar shócmhainní ar leithligh sa chás ina mbaineann patrúin dhifriúla tomhaltais leo i dtaobh sochair eacnamaíocha agus déantar dímheas orthu go leithleach thar a saol úsáideach.

Cuirtear costais síos i leith deisiúcháin agus cothabhála de réir mar a thabhaítear iad.

(iii) Dí-aithint

Déantar sócmhainní inláimhsithe a dhí-aithint ar a ndiúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le haon sochar eacnamaíoch sa todhchaí. Ar dhiúscairt, déantar an difríocht idir na glanfháltais diúscairthe agus an tsuim ghlanluacha a aithint sa chuntas brabúis agus cailteanais.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta – ar lean

(m) Lagú na sócmhainní neamhairgeadais

Ag deireadh gach bliana airgeadais déantar measúnú ar shócmhainní neamhairgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir lena chinneadh cibé an bhfuil aon rud a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má thugtar a leithéid le fios déantar meastachán ar mhéid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus a luach cóir lúide costais díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is airde. Is ionann an luach úsáide agus luach láithreach na sreafaí airgid amach anseo a mheastar a eascróidh as úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus óna diúscairt deiridh. Agus an luach úsáide á thomhas, déantar sreafaí airgid roimh cháin agus ús a lascainiú ar ráta lascaine réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach bhfuil na meastacháin ar shreabhadh airgid sa todhchaí coigeartaithe ina leith.

Más lú méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) ná suim ghlanluacha na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid), laghdaítear an tsuim ghlanluacha chuig a méid in-aisghabhála. Aithníodh cailteanas lagaithe sa chuntas brabúis agus cailteanais.

Má aisiompaítear cailteanas lagaithe (.i. níl feidhm ag cúiseanna an chailteanais lagaithe a thuilleadh), méadaítear suim ghlanluacha na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) go dtí an meastachán leasaithe ar a méid in-aisghabhála, ach ní mhéadaítear í ach amháin a mhéid nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha leasaithe an tsuim ghlanluacha a chinnfí (iar-dhímheas) dá mba rud é nár aithníodh aon chailteanas lagaithe sna blianta airgeadais roimhe sin. Aithnítear aisiompú cailteanais lagaithe sa chuntas brabúis agus cailteanais.

(n) Sócmhainní léasaithe

Faoi léasanna oibriúcháin, ní aistrítear riosca agus luach saothair na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasaí. Aithnítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus cailteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa. Cuimsíonn léasanna oibriúcháin feithiclí paisinéirí bóthair a fhaightear faoin gcomhaontú léasaithe bus leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

(o) Stoic

Cuimsítear sna stoic ábhair chothabhála, páirteanna breise agus breosla agus míreanna eile éagsúla stoic. Déantar stoic ábhar agus páirteanna breise a luacháil ar a meánchostas ualaithe nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsítear sa chostas an praghas ceannaigh, lena n-áirítear cánacha agus dleachtanna agus iompar agus láimhseáil atá inchurtha go díreach i leith an stoc a thabhairt chuig a láthair reatha agus a chur ina riocht reatha.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar na stoic a mheas i leith lagaithe agus déantar soláthar i leith stoc a mheastar a bheith lagaithe.

(p) Airgead tirim agus coibhéisí airgid

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid an t-airgead ar láimh, taiscí faoi ghlaoch le bainc, infheistíochtaí an-leachtach gearrthréimhseacha eile le haibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú, agus rótharraingtí bainc. Taispeántar rótharraingtí bainc leis na hiasachtaí sa dlíteanas reatha.

Ní airgead tirim ná coibhéisí airgid iad taiscí bainc a bhfuil aibíocht bhunaidh níos mó ná trí mhí acu agus cuirtear i láthair iad mar infheistíochtaí sócmhainní reatha.

(q) Ionstraimí airgeadais

Roghnaigh an chuideachta forálacha Chuid 11 agus Chuid 12 de FRS 102 a ghlacadh maidir le hionstraimí airgeadais.

(i) Sócmhainní airgeadais

Tá roinnt sócmhainní airgeadais bunúsacha ag an gcuideachta lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, méideanna atá dlite ó ghrúpchuideachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid, atá taifeadta leis na sócmhainní reatha mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin.

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha den chéad uair ar an bpraghas idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), mura rud é gur idirbheart maoinithe atá i gceist leis an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na bhfáltas sa todhchaí arna lascaíniú ar ráta úis an mhargaidh i leith ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, airgead tirim agus coibhéisí airgid, agus sócmhainní airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a tomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta a mheasúnú i leith fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú ar shócmhainn airgeadais arna tomhas ar chostas amúchta, aithnítear cailteanas lagaithe sa bhrabús nó sa chailteanas. Is ionann an cailteanas lagaithe agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais agus luach láithreach shreafaí airgid measta na sócmhainne airgeadais arna lascaíniú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne.

Más rud é, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaíonn méid an chailteanais lagaithe agus gur féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le teagmhas a tharla tar éis gur aithníodh an lagú, déantar an cailteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a aisiompú. Déantar an t-aisiompú sa chaoi is nach sáróidh an tsuim ghlanluacha láithreach luach na suime glanluacha dá mba rud é nár aithníodh an cailteanas lagaithe roimhe sin. Aithnítear aisiompú an lagaithe sa bhrabús nó sa chailteanas.

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint (a) nuair a théann na cearta conarthacha i leith na sreafaí airgid ón tsócmhainn airgeadais in éag nó nuair a shocraítear iad, nó (b) nuair a aistrítear chuig páirtí eile beagnach gach ceann de na rioscaí agus na sochair a bhaineann le húnireacht na sócmhainne, nó (c) nuair a aistríodh rialú na sócmhainne airgeadais chuig páirtí eile ag a bhfuil an cumas praiticiúil chun an tsócmhainn airgeadais a dhíol go haontaobhach le tríú páirtí neamhghaolmhar gan srianta breise a fhorchur.

(ii) Dlíteanais airgeadais

Ar an gcaoi chéanna, tá roinnt dlíteanas airgeadais bunúsach ar an gcuideachta, lena n-áirítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí bainc agus rótharraingtí, agus iasachtaí ó ghrúpchuideachtaí, a aithnítear den chéad uair ar phraghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart airgeadais é an socrú, agus sa chás sin déantar an dlíteanas airgeadais a thomhas ar luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascaíniú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó ghrúpchuideachtaí eile, agus dlíteanais airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a thabhairt anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Is ionann creidiúnaithe trádála agus oibleagáidí i leith íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte i ngnáthchúrsa an ghnó ó sholáthraithe. Déantar creidiúnaithe trádála a aicmiú mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. I gcás ar bith eile, cuirtear i láthair iad mar mhéideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin. Aithnítear creidiúnaithe trádála ar dtús ar phraghas an idirbhirt agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Déantar dlíteanais airgeadais a dhí-aithint nuair a dhéantar an dlíteanas a mhúchadh, is é sin nuair a dhéantar an oibleagáid chonartha a chomhlíonadh nó a chur ar ceal nó ar dhul in éag di.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta – ar lean

(r) Soláthairtí agus teagmhais

(i) Soláthairtí

Is ionann soláthairtí agus dliteanais atá neamhchinnte ó thaobh ama nó méid. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar Bhus Átha Cliath de thoradh teagmhais a tharla roimhe seo; nuair is dócha go mbeidh aistriú sochar geilleagar de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas mar luach reatha an mheastacháin is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh ag baint úsáid as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Déantar athbhreithniú ar sholáthairtí ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar iad a choigeartú chun an meastachán reatha is fearr a thabhairt ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais, arna chur i láthair faoi 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé i gceist.

Sa chás ina bhfuil roinnt oibleagáidí dá shamhail ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh ag teastáil chun iad a ghlanadh trí bhreathnú ar aicme na n-oibleagáidí ina hiomláine.

Aithnítear soláthairtí i ndáil le hathstruchtúrú nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe ar Bhus Átha Cliath ag deireadh na bliana airgeadais i dtaobh an t-athstruchtúrú a chur i gcrích. Tá oibleagáid inchiallaithe ar Bhus Átha Cliath athstruchtúrú a dhéanamh nuair is ann do phlean mionsonraithe foirmiúil don athstruchtúrú sin agus nuair a chruthaigh sé ionchas bailí i measc na ndaoine dá ndéanann sé difear, trí thosú ar an bplean a chur chun feidhme nó trí phríomhghnéithe an phlean a fhógairt dóibh siúd dá ndéanann sé difear.

Déantar soláthar do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ag dáta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don chuideachta fós.

Cuimsítear sna soláthairtí eile soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí bus, soláthairtí a bhaineann le pá, soláthairtí comhshaoil, éilimh dlí agus soláthairtí a bhaineann le pinsin.

Ní dhéantar soláthar in aghaidh caillteanais oibriúcháin sa todhchaí.

(ii) Dlíteanais agus Sócmhainní Teagmhasacha

I gcás dlíteanais theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh nithe a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad toisc nach dócha go mbeidh ar Bhus Átha Cliath sochair gheilleagracha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh nó toisc nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha neamhchinnte mar dhliteanais ach is dlíteanais theagmhasacha iad. Nochtar dlíteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

(s) Sochair fostaithe

Cuireann an chuideachta roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearach agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh. Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne incháilithe, isteach sna scéimeanna pinsean faoi seach.

Sochair iarfhostaíochta

Feidhmíonn Grúpa CIÉ dhá phlean sochair sainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe ghrúpa CIÉ.

Sainítear i bplean sochair sainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean sochair sainithe agus sochar iarfhostaíochta seachas ranníocaíochtaí sainithe.

Tá cuntas tugtha ar na scéimeanna sin i ráitis airgeadais Ghrúpa CIÉ. Tomhaistear sócmhainní na scéimeanna pinsean le sochar sainithe ar a luach cóir. Tomhaistear dliteanas na scéime pinsin sochar sainithe ar bhonn achtúireach faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Léirítear barrachas dhliteanas na scéimeanna ar shócmhainní na scéimeanna mar dhliteanas ar chlár comhardaithe CIÉ.

Glacann na fochuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochair sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951. Ní shonraítear i rialacha na scéimeanna conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conarthach ná beartas luaite i dtaobh ghlanchoistas na sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Dá réir sin, aithnítear glanchostas sochair sainithe na scéimeanna ina n-iomláine i ráitis airgeadais ar leithligh CIÉ, toisc gurb amhlaidh, in éagmais socrú foirmiúil conartha a bheith i bhfeidhm, go gcreideann na stiúrthóirí gurb é an t-eintiteas sin atá freagrach as na scéimeanna faoin dlí. Aithníonn na heintitis rannpháirteacha eile, lena n-áirítear Bus Átha Cliath, costas arb ionann é agus a ranníocaíocht i leith na tréimhse. Tá sonraí breise i dtaobh na scéimeanna sin leagtha amach i nóta 20.

(t) Caipiteal Gnáthscaireanna

Tá gnáthscaireanna Bhus Átha Cliath ar lánúinéireacht ag CIÉ. Déantar an gnáth-scairchaipiteal glaoite agus cúlchistí ioncaim a aicmiú mar chaipiteal gnáthscaireanna agus atá siad leagtha amach i Nóta 18 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(u) Meastacháin agus toimhdí ríthábhachtacha cuntasaíochta

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann na stiúrthóirí meastacháin agus toimhdí faoin todhchaí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu. De réir sainmhínte, is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta sin díreach mar an gcéanna leis na torthaí iarbhir a bhaineann leo. Tugtar aghaidh anseo thíos ar na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist agus ar na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann baol nach beag go mbeidís ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta – ar lean

(i) Saol eacnamaíoch úsáideach na sócmhainní doláimhsithe agus inláimhsithe

Braitheann an muirear amúchta bliantúil ar shócmhainní doláimhsithe agus an muirear dímheasa ar shócmhainní inláimhsithe ar athruithe ar shaol eacnamaíoch úsáideach tuartha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar an saol úsáideach tuartha agus na luachanna iarmharacha a athbhreithniú gach bliain. Déantar iad a leasú de réir mar is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, infheistíochtaí sa todhchaí, úsáid eacnamaíoch agus riocht na sócmhainní. Léirítear ag (K) agus (L) thuas an saol úsáideach tuartha i gcás gach aicme sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe. Tá suim ghlanluacha na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe leagtha amach i nóta 11 agus nóta 12.

(ii) Scéim pinsean le sochar sainithe

Tá sé d'oibleagáid ar Ghrúpa CIÉ, dá bhfuil an chuideachta ina ball, sochair phinsin a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt tosca, lena n-áirítear toimhdí i leith ionchas saoil, méaduithe tuarastail agus an ráta lascaine ar bhannaí corparáideacha. Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i Nóta 20

(iii) Soláthar i dtaobh éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóra, agus aisghabhálacha gaolmhara

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don chuideachta fós.

Glacann an chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici maidir lena nochtadh ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí a bhunú in aghaidh éileamh, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i Nóta 16 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(iv) Feithiclí paisinéir bóthair a fuarthas faoi chomhaontú léasúcháin bus leis an NTA

Aithnítear feithiclí paisinéir bóthair a fuarthas faoi chomhaontú léasúcháin bus leis an NTA de réir (n) Sócmhainní Léasaithe thuas.

Tháinig athruithe ar chearta agus oibleagáidí na cuideachta agus an NTA, mar a fhorordaítear sna Conarthaí Dámhachtana Díreacha Nollaig 2019 – Samhain 2024, i bhfeidhm in 2020 agus, mar thoradh air sin, chinn an Grúpa go n-aithnítear feithiclí paisinéirí bóthair mar fheithiclí paisinéirí bóthair i sócmhainní seasta inláimhsithe i mblianta airgeadais 2017 go 2019 rinneadh iad a dhí-aithint in 2020 agus aithnítear anois iad mar bhusanna a choinnítear faoi léasanna oibriúcháin, a fuarthas faoi chomhaontú léasaithe bus an NTA.

In 2020, aithníodh muirear cíosa bliantúil, mar atá forordaithe i gcomhaontú léasaithe bus NTA, as feithiclí paisinéirí bóthair a fhaightear faoin gcomhaontú seo.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i Nóta 12 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(v) Cuimsíonn aitheantas ioncain ticéad bliantúil Tax saver de réir threoirilínte “Síneadh Saor in Aisce Tax saver”

NTA síneadh ticéad saor in aisce aon mhí amháin a bhfuil sé mar aidhm aige faoiseamh a sholáthar do chustaiméirí Tax saver a mbíonn tionchar ag bearta frithdhúnadh paidéime COVID-19 orthu a chuir srian ar rochtain na bhfostaithe ar a ngnátháit oibre. Dá bhrí sin tá cinneadh déanta ag an nGrúpa gan ioncam ó Tax saver a aithint le linn na tréimhse saor in aisce 6 mhí.

2. Gnóthas leantach

Ullmhaíodh ráitis airgeadais 2020 ar bhonn gnóthas leantach. Glacann seo leis go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an chuideachta chun leanúint ar aghaidh ag oibriú le linn tréimhse ar a laghad 12 mhí ón dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo.

Tá mionbhreithniúchán déanta ag na Stiúrthóirí ar ullmhúchán ar an bhonn gnóthais leantaigh ag an am seo agus tá siad sásta go bhfuil sé cuí go n-ullmhaítear ráitis airgeadais 2020 ar an bhun seo.

I measc na príomhghnéithe a rinneadh breithniúchán orthu le teacht ar an chinneadh seo tá:

Staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

Ar an 31 Nollaig 2019 bhí glansócmhainní €39 milliún (2019: €49 milliún) ag an gcuideachta mar aon le glansócmhainní reatha €100 milliún (2019: €109 milliún).

Áirítear leis na glansócmhainní reatha dliteanais neamhairgid €17 milliún (2019: €27 milliún) a bhaineann le hioncam iarchurtha i leith deontais chaipitil. Ní áirítear gealltanais airgid i ndeontais caipitil agus úsáodtear iad de réir dímhéas an tsocmhainní. Dá bhrí sin, gan na míreanna neamhairgid sin san áireamh, tá glansócmhainní reatha €117 milliún (2019: €136 milliún) ag an gcuideachta.

Áirítear le glansócmhainní na Cuideachta dliteanais neamhairgid €82 milliún (2019: €198 milliún) a bhaineann le hioncam iarchurtha i leith deontais chaipitil. Dá bhrí sin, gan an mhír seo san áireamh, tá glansócmhainní reatha €121 milliún (2019: €247 milliún) ag an gcuideachta.

Tionchar paidéim Covid-19

Leanann éifeacht dhiúltach eacnamaíoch ar eacnamaíocht na hÉireann ó COVID-19. Baineann an príomhthionchar ar Bhus Átha Cliath leis an laghdú shuntasach in aister paisinéirí. Tá mionmheastúchán críochnaithe ar éifeachtaí COVID-19 ar gach ghné den gnó. Is féidir na príomhéiginnteachtaí os comhair Bus Átha Cliath a choimriú mar a leanas

- Tá sé reámh-mheasta go dtabhaigh an Cuideachta cailteanas ina gnó Trachtála i 2021
- Táthar ag súil go leanfaidh laghdú suntasach ar ioncam an OSP i 2021 agus méadóidh sé an leibhéal maoinithe a theastaíonn ón NTA ón Státchiste.
- D'aistrigh an Cuideachta go conradh ollchostas ón 1 Eanáir 2021. Faoin gconradh seo is ar an NTA atá an fhreagracht as ioncam agus déantar an chuideachta a chúiteamh as caiteachas agus brábús réasúnach de réir fhorálacha an chonartha.

Gníomhaíochtaí Tráchtála

Cuireadh seirbhísí tráchtála ar fionraí i mí Aibreáin 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19. Thabhaigh an ghnó cailteanas i 2020 agus sé reámh-mheasta go dtabhófar cailteanas bheag i 2021. Íoslaghdaíonn bearta mar ath-implonú foirne agus bearta eile laghdaithe costais na costais leanúnacha a thabófar sna gníomhaíochtaí seo agus ábaltachtaí meán-téarmacha na gnóthaí seo a oibriú go brábúsacha sa todchaí a chothabháil.

